# GAELSCOIL NAOMH PÁDRAIG

# RÁITEAS SÁBHÁILTEACHTA
# 2023/24

Bóthar an Chaisleáin, Leamhcán, Co. Bhaile Átha Cliath
Guthán: (01) 624 1355
R-phost: oifig.gsnp@gmail.com

# Clár na nÁbhar

*Uimh. Leathanaigh.*

## Roinn 1
## Ráiteas Ginearálta um Polasaí Sábháilteachta

Ráiteas Sábháilteachta (v)

## Roinn 2
## Cúraimí Sábháilteachta

Cathaoirleach an Bhoird 1
Bhainistíochta
Bord Bainistíochta 1
Oifigeach Sábháilteachta an Bhoird 2
Bhainistíochta
Príomhoide 3
Fostaithe 4
Ionadaí Sábháilteachta 5
Coiste Sábháilteachta 6
Conraitheoirí & Lucht Trádála 7
Daltaí, cuairteoirí & úsáideoirí eile áiseanna 8

## Roinn 3
## Polasaí Sábháilteachta

Ráiteas Polasaí Ginearálta 10
Fearas Cosanta Pearsanta 11
Láimhsiú 11
Maoirseacht ar Dhaltaí ar Scoil 12
Maoirseacht ar Dhaltaí roimh Scoil agus i ndiaidh Scoile 12
Cuairteoirí a thagann chun na scoile 13
Nósanna Imeachta Druile Dóiteáin 14
Turais Bhus/Turais Scoile etc. 16
Méasúnú Riosca do Thurais Scoile 18
Nósanna Imeachta Timpistí/ Breoiteachta 20
Timpistí Fostaithe 21
Cógas a thabhairt 22
Caidreamh Foirne Dearfach 23
Bulaíocht & Gnéaschiapadh san Ionad Oibre 23
Polasaí maidir le hIonadaí Sábháilteachta 28

Polasaí maidir le Fostaithe atá ag iompar clainne 29
Polasaí Teagmhais Chriticiúil 30
Comhairliúchán agus Faisnéis 32
An Seomra Foirne 33

## Roinn 4

## Guaiseacha a Aithint & Measúnú Riosca

Guaiseacha ar Leith 35
Guaiseacha faoi Leith 36
Guaiseacha Eile 37

# ROINN 1

# RÁITEAS GINEARÁLTA UM POLASAÍ SÁBHÁILTEACHTA

# Ráiteas Ginearálta um Shábháilteacht

Dar le Bord Bainistíochta Gaelscoil Naomh Pádraig, tá sláinte agus sábháilteacht mar fheidhm lárnach de bhainistíocht agus feidhmiú na scoile agus aithníonn sé an tábhacht atá leis an Reachtaíocht atá rite san Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005. Sa Ráiteas Sábháilteachta seo tá Polasaí Sábháilteachta Bord Bainistíochta Gaelscoil Naomh Pádraig leagtha amach chomh maith leis na módhanna leis an bpolasaí sin a bhaint amach. Tá sé tábhachtach an polasaí seo a léiriú go soiléir tríd sainmhínithe de chúraimí agus dualgaisí aonaracha a leagadh amach ag gach leibhéal bainistíochta ar mhaitheas le for-fheidhmiú na scoile. Tá tábhacht ag baint lena chinntiú gur sprioc choiteann í timpistí a sheachaint, ionad oibre sábháilte agus sláintiúil dár gcuid fostaithe agus daltaí uile a chur ar fáil agus a choimeád agus ár gcuid dualgaisí do bhaill an phobail lena mbímid i dteagmháil leo a chomhlíonadh, i nGaelscoil Naomh Pádraig, idir Bhord Bainistíochta, Múinteoirí agus Fostaithe eile. Aithníonn Bord Bainistíochta Gaelscoil Naomh Pádraig, nach bhfuil na cúraimí sláinte agus sábháilteachta a leagtar ar an duine aonair, ní ba lú tábhachtaí ná na dualgaisí atá orthu agus feidhm ar bith eile á comhlíonadh acu.

Tá comhoibriú na bhfostaithe uile de dhíth leis an bpolasaí seo. Tá sé i gceist againn athbhreithniú bliantiúil a dhéanamh ar an ráiteas i gcomhthéacs taithí, athruithe i gcomhair le cleachtas dlí agus athruithe oibríochtúla.

Táimid i lár paindéim COVID-19 i mbliana. Tá plean freagartha GSNP leagtha amach againn chun deileáil le h-aon chás go bhféadfadh teacht aníos dá bharr. Leanfar an Plean Freagartha & Cur i bhFeidhm GSNP (ní an Ráiteas Sábháilteachta) in aon chás a bhaineann le COVID-19.

Tabharfaidh an Bord Bainistíochta faoi iniúchadh sábháilteachta a dhéanamh gach bliain agus cuirfear tuairisc ar fáil don fhoireann. Déanfar iniúchadh cigireachta/sábháilteachta níos minicí má iarrann an fhoireann nó an Bord Bainistíochta.

Déanfar monatóireacht ar na taifid timpistí nó breoiteachta d'fhonn a chinntiú gur féidir bearta sábháilteachta ar bith atá riachtanach a chur i bhfeidhm, de réir mar is gá, leis an méid a tharlaíonn a leithéid timpistí nó breoiteachta a laighdiú.

Braitheann forfheidhmiú agus monatóireacht iomlán Polasaí Sábháilteachta Gaelscoil Naomh Pádraig ar deimhniúcháin go gcuirtear an oiliúint riachtanach, cuí ar fáil don fhoireann ar fad, agus tríd a dhóthain acmhainní a chur ar fáil a chomhlíonann riachtanais an polasaí sláinte agus sábháilteachta bunaithe faoi chúram Bord Bainistíochta Gaelscoil Naomh Pádraig.

Síniú: _____ (Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta) Dáta:----------

# ROINN 2

# CÚRAIMÍ SÁBHÁILTEACHTA

# Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta

**Cúraimí Chathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta:**

a) Dóthain acmhainní a chur ar fáil le tabhairt isteach pholasaí sábháilteachta na Cuideachta a éascú.

b) Comhairle a ghlacadh ón Oifigeach Sábháilteachta maidir leis na hathruithe ar pholasaí sábháilteachta na Scoile, trealamh a cheannach, oiliúint um sábháilteacht a chur ar fáil agus córais oibre shábháilte a shuiteáil más gá sin.

c) Príomhriachtanais na reachtaíochta a thuiscint.

d) A chinntiú go bhfuil an struchtúr eagraíochtúil i bhfeidhm le sláinte agus sábháilteacht a bhainistiú.

e) A chinntiú go bhfuil sláinte agus sábháilteacht comhtháite sa struchtúr bainistíochta.

f) Athbhreithniú a dhéanamh ar na tuairiscí sábháilteachta ar gach timpiste a tharla d'fhoireann na Scoile, dá daltaí nó dá cuairteoirí agus ar na hathruithe atá molta ar nósanna imeachta nó córais oibre, nuair is gá sin.

g) Eiseamláir a thabhairt, tríd an bhfearas cosanta pearsanta riachtanach uile a chaitheamh, áit a bhfuil sé riachtanach de réir pholasaí sábháilteachta na Scoile.

h) Maoirseacht a dhéanamh ar na bearta araíonachta i gcás gur gá é agus nuair is gá sin.

i) Ionchur díreach a bheith i gceannach fearais don Scoil, a chinntiú go gcomhlíonann an fearas uile na ceanglais íosta sábháilteachta ar a laghad.

j) A chinntiú go mbaineann an tábhacht chéanna le sláinte agus sábháilteacht agus a bhaineann le feidhmeanna scoile eile.

# Bord Bainistíochta

Tá freagracht ar Bord Bainistíochta Gaelscoil Naomh Pádraig a chinntiú go gcomhlíonann an scoil le Rialacháin Sláinte agus Sábháilteachta, reachtaíocht agus dea-chleachtas.

# Oifigeach Sábháilteachta

Tá an tOifigeach Sábháilteachta atá ceaptha ar an mBord Bainistíochta freagrach as comhairle a chur agus monatóireacht a dhéanamh ar Pholasaí Sábháilteachta na Scoile.

**Is iad seo a leanas príomhchúraimí an Oifigigh Shábháilteachta:**

(a) Na nuashonrúcháin i ráiteas sábháilteachta na scoile a chur le chéile, a eisiúint agus maoirseacht a dhéanamh orthu, bunaithe ar ghuaiseacha a aithint agus ar mheasúnuithe rioscaí. Déanfar é seo i gcomhar leis an mBord, an Príomhoide agus Foireann na Scoile.

(b) A chinntiú go gcuirtear polasaithe agus nósanna imeachta sábháilteachta scoile i bhfeidhm ar an láthair.

(c) Comhairle a chur maidir le hathbhreithniú agus leasuithe a dhéanamh ar pholasaithe.

(d) Monatóireacht a dhéanamh ar fhearas cosanta pearsanta a chaitheamh ar an láthair.

(e) Iniúchtaí ar ghuaiseacha a dhéanamh go rialta agus na torthaí a thuairisciú chuig an bPríomhoide agus chuig Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta.

(f) Ionchur a bheith aige/aici i riachtanais oiliúna na bhfostaithe.

(g) Feasacht shábháilteachta a ardú trí chruinnithe faisnéise leis an mBord Bainistíochta.

(h) Comhairle a chur ar an mBord Bainistíochta maidir le gníomhartha atá le déanamh le priacail cheirde a laghdú.

(i) Monatóireacht a dhéanamh ar thaifid a choimeád d'iniúchtaí, timpistí agus teagmhais chontúirteacha chomh maith le cleachtaí éigeandála.

(j) Imscrúdú a dhéanamh ar thimpistí agus teagmhais chontúirteacha.

(k) Bunachar faisnéise a chur le chéile ionas go mbeidh an Scoil in ann a bheith ar an eolas maidir le riachtanais sláinte agus sábháilteachta.

(l) A bheith rannpháirteach i meicníocht chomhairliúcháin éifeachtach agus a chinntiú go gcoimeádtar a leithéid laistigh den scoil le haghaidh sláinte agus sábháilteachta.

(m) Cabhair a fháil ó dhuine cumasach go hinmheánach nó go seachtrach más gá, chun cuidiú le hiniúchadh a dhéanamh ar chúrsaí sábháilteachta agus le comhairle a chur ina dtaobh.

(n) Tuairiscíonn Oifigeach Sábháilteachta an Bhoird chuig Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta.

# Príomhoide

Tá Príomhoide na Scoile, atá mar bhainisteoir ó lá go lá ar an scoil, freagrach as feidhmiú laethúil an Polasaí Sábháilteachta laistigh den scoil agus ag gníomhaíochtaí sheachtracha scoile nuair atá sé éigeantach go mbeadh maoirseacht i bhfeidhm.

**Is iad seo a leanas na príomhchúraimí:**

(a) Tá Príomhoide na Scoile, atá mar bhainisteoir ó lá go lá ar an scoil, freagrach as a chinntiú go gcomhlíontar feidhmiú laethúil na scoile de réir polasaí sábháilteachta na Scoile.

(b) Pleananna sásúla a ullmhú atá le leanúint in éigeandálaí.

(c) A chinntiú go dtugtar faoi ghníomhaíochtaí sheachtracha Scoile mar atá beartaithe agus go gcomhlíontar na polasaithe cuí.

(d) Fostaithe nua agus fostaithe atá ann cheana féin a chur ar an eolas maidir leis na Polasaithe Sábháilteachta agus nósanna imeachta agus rabhadh a thabhairt dóibh maidir le guaiseacha aitheanta ar bith.

(e) Measúnú criticiúil a dhéanamh ar ghuaiseacha agus iad a dhíothú nó a smachtú agus sa chás nach bhfuil sé seo indéanta, fearas cosanta pearsanta a chur ar fáil.

(f) A chinntiú go bhfuil córas cumarsáide éifeachtach maidir le cúrsaí sábháilteachta i bhfeidhm idir an fhoireann, Príomhoide, Bord Bainistíochta agus aon duine eile cuí.

(g) A chinntiú go gcomhlíonann na conraitheoirí agus an lucht trádála uile atá ag obair ar an áitreabh le Polasaí Sábháilteachta na Scoile agus go bhfuil a Ráiteas Sábháilteachta, Ráitis ar Mhodhanna agus Árachais féin acu ar chóir a chur isteach roimh thús a chur leis an obair ar an áitreabh.

(h) Eiseamláir phearsanta a thabhairt maidir le polasaí sláinte agus sábháilteachta na Scoile a chomhlíonadh.

(i) A chinntiú go dtugann pleananna agus doiciméid pholasaí eile na scoile dá n-aire polasaí sláinte agus sábháilteachta na Scoile, go gcomhlíonann siad é/nach bhfuil siad i gcoinbhleacht lena chéile.

(j) Ionchur a dhéanamh ar athbhreithnithe ar an bpolasaí sábháilteachta de réir mar is gá.

(k) Má tharlaíonn eachtra nó timpiste laistigh dá réimse cúraim, an teagmhas a chur sa leabhar tuairisce ar thimpistí/eachtraí agus gníomhú de réir mar is gá le cosc a chur ar atarlú agus é a chur in iúl don Oifigeach Sábháilteachta.

(l) A chinntiú go ndéantar imscrúdú rialta ar gach fearas agus gléasra faoina smacht agus go ndéantar athsholáthar ar fearas lochtach.

(m) A chinntiú go bhfuil an fhoireann ar fad ar an eolas faoi na nósanna imeachta dóiteáin agus éigeandála.

# Fostaithe

Tá fostaithe freagrach as a gcuid sláinte agus sábháilteachta féin chomh maith le daoine eile, a bhféadfaí cur isteach orthu lena gcuid gníomhartha, agus as a bheith comhoibríoch i gcónaí ar chúrsaí sláinte agus sábháilteachta. Ba chóir dóibh go háirithe na nithe seo a leanas a dhéanamh:

(a) Aire réasúnta a thabhairt dá c(h)uid sábháilteachta, sláinte agus leasa féin, agus do dhuine ar bith a gcuirfí isteach orthu lena g(h)níomhartha/neamhghníomhartha agus é/í ag obair.

(b) Comhoibriú lena f(h)óstóir agus le duine ar bith eile sa mhéid is go mbeidh a f(h)ostóir nó duine eile in ann aon fhorálacha reachtúla.

(c) Úsáid a bhaint as fearas, éadaí cosanta, áis, trealamh nó rud ar bith eile atá oiriúnach a chuirtear ar fáil (cibé dá (h)úsáid féin é nó má tá sé le húsáid aige/aici in éineacht le daoine eile) ar cibé modh leis an gcosaint atá beartaithe a chur ar fáil, lena s(h)ábháilteacht, sláinte nó leas ag an obair a choinneáil slán.

(d) Tuairisciú a dhéanamh chuig an mBord Bainistíochta, gan mhoill mhíréasúnach, maidir le lochtanna ar bith i ngléasra, trealamh, san ionad oibre nó i gcóras oibre, a d'fhéadfadh a bheith contúirteach ó thaobh sábháilteachta, sláinte nó leasa, a dtagann sé/sí ar an eolas faoi.

(e) Bealaí a mholadh le guaiseacha a dhíothú.

(f) Rabhadh a thabhairt d'fhostaithe nua maidir le guaiseacha aitheanta.

(g) Ní athróidh ná ní cheartóidh na fostaithe, ná ní chuirfidh siad isteach ar fhearas, éadaí cosanta, áis ná ionad oibre ar bith, ná ní bhainfidh siad mí-úsáid as agus ní chuirfidh siad ar rud ar bith a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh dó féin nó do dhaoine eile.

(h) Ba chóir d'fhostaithe a bhaineann úsáid as áiseanna agus trealamh atá curtha ar fáil a chinntiú go bhfuil na cleachtais oibre curtha i bhfeidhm chomh sábháilte agus is féidir.

(i) A bheith rannpháirteach i seisiúin oiliúna atá eagraithe don fhoireann.

(j) Tabhairt faoi thascanna amháin a cheapann siad a bheith in ann a dhéanamh agus staonadh ó thascanna a bhfuil ardrioscaí míréasúnta ag baint leo.

(k) A chinntiú go bhfuil fáil acu ar ráiteas sábháilteachta na Scoile. Tá sé riachtanach na fostaithe a bheith ar an eolas faoin ráiteas sábháilteachta agus an doiciméadú cuí a shíniú gach bliain ina sonraítear gur cuireadh an ráiteas sábháilteachta faoina mbráid.

(l) Éilítear ar fhostaithe a chinntiú nach bhfuil siad faoi bhrí meiscigh sa mhéid a dhéanann siad dochar dá gcuid sláinte agus sábháilteachta féin nó de shláinte agus sábháilteacht duine eile (tá seans ann go n-iarrfar ar roinnt fostaithe dul faoi thástálacha réasúnacha agus cuí de réir treoirlínte a bheidh eisithe ag an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta).

# Ionadaí Sábháilteachta

De réir an Achta 2005, tá foráil déanta ag Gaelscoil Naomh Pádraig d'Ionadaí Sábháilteachta a thoghadh a mbeidh mar fheidhm aige/aici na caighdeáin sábháilteachta a chothabháil sa Scoil. Ba chóir don Ionadaí Sábháilteachta:

a. Eolas agus tuiscint reatha a bheith aige/aici ar ráiteas sábháilteachta agus rialacháin reachtúla na Scoile.

b. A bheith rannpháirteach sa chomhairliúchán maidir leis na caighdeáin sábháilteachta a chothabháil san ionad oibre agus léiriúcháin a thabhairt de réir mar is gá ag cruinnithe sábháilteachta.

c. Am a leagan amach le hiniúchadh a dhéanamh go tréimhsiúil ar an ionad oibre agus tuairisciú a dhéanamh ar an bpointe ar choinníollacha guaiseacha agus orthu siúd atá freagrach astu.

d. An fhaisnéis agus oiliúint agus eolas a fháil leis na feidhmeanna atá leagtha amach le cosc a chur ar thimpistí a chomhlíonadh. Beidh siad ag freastal ar chainteanna, seimineáir, cúrsaí etc. maidir le sábháilteacht. Déantar seo gan aon chaillteanas luach saothair agus ar am scoile más gá.

e. Imscrúdú a dhéanamh ar thimpistí agus ar theagmhais chontúirteacha agus ar ghearáin maidir le guaiseacha a d'fhéadfadh a bheith ann agus más gá tuairisc/moltaí ar bhearta coisctheacha a chur ar fáil.

f. Comhoibriú leis an Oifigeach Sábháilteachta, leis na Cigirí agus leis an bhfoireann árachais in imscrúdú ar bith a dhéantar ar thimpiste.

g. Feasacht shábháilteachta a chothú san ionad oibre, cleachtais oibre shábháilte a chur chun cinn agus faisnéis agus comhairle a chur ar fáil maidir le sábháilteacht agus sláinte don fhoireann ar fad.

h. Saineolas a bheith aige/aici ar nósanna imeachta éigeandála i gcás timpistí nó dóiteáin agus a chinntiú go gcoinnítear iad agus go ndéantar iad a nuashonrú.

i. Faisnéis a fháil ó chigirí sábháilteachta ar chúrsaí sláinte agus sábháilteachta a chuir isteach ar fhostaithe.

j. Dul in éineacht le Cigire ar chuairt ar bith chun na Scoile.

# Coiste Sábháilteachta

Tá Coiste Sábháilteachta sa scoil mar mhódh amháin le sláinte agus sábháilteacht a chur chun cinn. Tagann an Coiste le chéile gach dara mí nó níos minicí más gá. Éilítear ar bhaill an Choiste:

a. Athbhreithniú a dhéanamh ar chleachtais oibre chontúirteacha sa scoil.

b. Moltaí a dhéanamh ar mhodhanna le feabhas a chur ar shláinte agus sábháilteacht gach fostaí, dalta, srl.

c. Cúrsaí a bhfuil taifead déanta orthu sa leabhar tuairisce ar thimpistí a phlé, agus a chinntiú gur leanadh leis an bprótacal.

d. Cuidiú leis na polasaithe sábháilteachta agus nósanna imeachta a chur le chéile.

e. Iniúchtaí sábháilteachta a eagrú agus a stiúradh.

f. Aighneachtaí agus iarratais a dhéanamh ar an mBainistíocht maidir le cúrsaí Sláinte agus Sábháilteachta a mbíonn tionchar acu ar fhostaithe.

**Is iad seo a leanas baill an Choiste Shábháilteachta faoi láthair:**

| | |
|---|---|
| Brian Ó Fiaich | (Cathaoirleach/Oifigeach Sábháilteachta) |
| Liam Breathnach | (Príomhoide) |
| Sinéad Ní Shaoraí | (Ionadaí Sábháilteachta/Maor Dóiteáin) |

# Conraitheoirí & Lucht Trádála

Comhlíonfaidh na conraitheoirí agus lucht trádála uile atá fostaithe ag Gaelscoil Naomh Pádraig le Polasaí Sábháilteachta na Scoile. Déanfaidh an tOifigeach Sábháilteachta sa Scoil a gcuid Ráiteas Sábháilteachta a thaisceadh agus déanfaidh sé/sí athbhreithniú orthu. Déanfar athbhreithniú go leanúnach ar fheidhmíocht sábháilteachta agus cumas na gConraitheoirí agus Lucht Trádála uile.

**Ba chóir dóibh go háirithe:**

(a) Cóip sínithe dá ráiteas polasaithe scoile, ráitis ar mhodhanna don láthair agus cóip den deimhniú árachais reatha atá acu a chur ar aghaidh chuig Gaelscoil Naomh Pádraig sula dtosaíonn siad an obair ar suíomh na scoile.

(b) Polasaithe Sábháilteachta uile Ghaelscoil Naomh Pádraig a leanúint.

(c) Na rialacha sábháilteachta láithreáin agus an reachtaíocht sábháilteachta cuí a chomhlíonadh.

(d) Próiseas ar bith nó úsáid ábhair a d'fhéadfadh sláinte nó sábháilteacht a chur i gcontúirt le linn na hoibre a chur in iúl do Ghaelscoil Naomh Pádraig agus do dhuine ar bith eile a bhféadfaí cur isteach air/uirthi

(e) Comhoibriú a dhéanamh agus ionad oibre sábháilte a chur ar fáil agus a chothabháil dá gcuid fostaithe féin agus d'fhostaithe, daltaí agus cuairteoirí ar Ghaelscoil Naomh Pádraig.

(f) A chinntiú go bhfuil a gcuid fostaithe cumasach le tascanna a dhéanamh agus go gcaitheann siad an fearas cosanta pearsanta oiriúnach.

(g) Fearais sábháilte agus ceadaithe amháin a úsáid agus lochtanna ar bith a thuairisciú gan mhoill.

(h) A chinntiú go bhfuil gach duine atá ag obair dóibh, cibé acu fostaithe nó conraitheoirí eile, ar an eolas faoi pholasaí sábháilteachta Ghaelscoil Naomh Pádraig.

(i) Príomhoide Gaelscoil Naomh Pádraig a chur ar an eolas maidir le gach timpiste.

(j) Ag brath ar an gcineál oibre b'fhéidir go n-iarrfaí orthu a bheith rannpháirteach i gcóras "cead oibre".

(k) A bhfoirm tuairisce ar thimpistí a chóipeáil agus í a chur ar ais chuig an bPríomhoide.

(l) Freastal ar na cruinnithe sábháilteachta cuí ar an láthair.

# Daltaí, Cuairteoirí agus Úsáideoirí Eile Áiseanna

Cé nach bhfuil siad fostaithe ag Gaelscoil Naomh Pádraig, tá na daltaí, cuairteoirí agus úsáideoirí eile áiseanna mar chuid lárnach d'obair Ghaelscoil Naomh Pádraig agus tá freagracht orthu lena chinntiú go gcomhlíonann siad leis na riachtanais agus polasaithe sábháilteachta uile agus iad ar Áitreabh na Scoile agus dá bhrí sin táthar ag súil leis:

a. Go nglacfaidh siad cúram réasúnach dá sábháilteacht féin agus do sábháilteacht na ndaoine mórthimpeall orthu.

b. Go gcloífidh siad le fógraí sábháilteachta agus comharthaí cibé áit a bhfuil siad crochta/ le feiceáil.

c. Go gcomhlíonfaidh siad le nósanna imeachta sábháilteachta dóiteáin (i.e.) aláraim, druileanna as-lonnaithe agus fógraí.

d. Nach gcuirfidh siad isteach ar sheirbhísí ná trealamh sábháilteachta na Scoile.

e. Go gcloífidh siad go hiomlán le polasaí sábháilteachta Ghaelscoil Naomh Pádraig.

f. I gcás grúpaí úsáideoirí eile ar nós Cumann na dTuismitheoirí, Cumainn Peile, Grúpaí Rince srl, go gcoinneoidh siad a gcuid árachas féin, agus ba chóir cóip de a chur chuig an scoil.

# ROINN 3

# POLASAÍ SÁBHÁILTEACHTA GHAELSCOIL NAOMH PÁDRAIG

# Ráiteas Polasaí Ghaelscoil Naomh Pádraig

Tacaíonn Bord Bainistíochta Gaelscoil Naomh Pádraig leis an bprionsabal go ndéileáiltear níos fearr le priacal ar bith do shláinte agus sábháilteacht a gcuid fostaithe, daltaí nó daoine eile a gcuirtear isteach orthu lena gcuid oibre, trí dhíothú nó laghdú seachas a bheith ag iarraidh a chinntiú go bhfuil daoine cosanta uathu.

Dá bhrí sin, tá sé mar pholasaí againn go n-aithnítear na priacail agus go ndéileáiltear leo trí phróiseas leanúnach a ídíonn na féidearthachtaí ag gach céim sula n-aistrítear síos chuig an gcéad chéim eile nach bhfuil chomh héifeachtach. Tá liosta tosaíochtaí ann mar sin ina bhfuil na céimeanna seo a leanas i gceist.

(a) An priacal a dhíothú.

(b) An priacal a laghdú trí chomhrac a dhéanamh ag an bhfoinse.

(c) An priacal a smachtú le modhanna, a chosnaíonn an líon is mó daoine.

(d) Cosaint fhisiceach a chur ar fáil do dhaoine aonair atá i mbaol.

Tá sé mar pholasaí freisin ag an mBord Bainistíochta a chur san áireamh i ngach gníomhaíocht, ceanglais ***an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 1989 & 2005, an Achta Seirbhísí Dóiteáin 1981, na Rialacháin Foirgníochta 2001, na Rialachán Feidhmiúcháin Ghinearálta 2007*** agus reachtaíocht chuí eile, a chabhraíonn linn ár gcuid spriocanna a bhaint amach.

**Tá sé mar pholasaí againn go háirithe:**

(a) Deimhin a dhéanamh de shábháilteacht, sláinte agus leas ag an obair, chomh fada agus is féidir, dár gcuid fostaithe, daltaí agus baill uile de phobal na scoile.

(b) Fostaithe agus daltaí a chosaint ó thimpistí a d'fhéadfadh a bheith ann agus ó dhrochshláinte ag obair/ar scoil.

(c) Córais oibre a chur ar fáil a phleanáiltear, a eagraítear, a fheidhmítear agus a choinnítear chomh fada agus is féidir le réasún ó thaobh sábháilteachta de agus gan an tsláinte a chur i mbaol.

(d) Oiliúint, teagasc agus maoirseacht a chur ar fáil de réir mar is gá le sábháilteacht agus sláinte ár gcuid fostaithe uile a chinntiú.

(e) Éadaí nó fearais oiriúnacha a chur ar fáil dár gcuid fostaithe agus daltaí uile de réir mar is cuí lena sláinte agus sábháilteacht a chinntiú.

(f) Acmhainní a chur ar fáil le haghaidh comhairliúcháin ó thaobh cúrsaí sláinte, sábháilteachta agus leasa do gach fostaí.

(g) Áiseanna atá riachtanach do leasa ár gcuid fostaithe agus daltaí uile a chur ar fáil agus a chothabháil.

(h) Na fostaithe uile a chur ar an eolas maidir lena gcúraimí agus dualgais faoin reachtaíocht reatha.

(i) Fostaithe a spreagadh leis an bpolasaí sábháilteachta a chomhlíonadh trí chúram ceart a chleachtadh.

(j) Bealach isteach sábháilte chuig ionad ar bith oibre atá faoin ár smacht agus bealach éalaithe uaidh atá sábháilte a chur ar fáil agus a chothabháil agus a chinntiú go bhfuil pleananna éigeandála i bhfeidhm do gach ionad oibre agus gach fostaí a chur ar an eolas faoi seo.

(k) Go mbeidh duine ainmnithe ann freagrach don tsábháilteacht atá cumasach lena chinntiú go bhfuil na socruithe atá sonraithe i Ráiteas Sábháilteachta na Scoile i bhfeidhm.

(l) Ráiteas Sábháilteachta na Scoile a chothabháil agus athbhreithniú a dhéanamh air go leanúnach agus cóip de Ráiteas Sábháilteachta na Scoile a chur ar fáil do gach fostaí.

# Fearas Cosanta Pearsanta

Ní mór go mbeadh gach iarracht déanta leis na gníomhaíochtaí a dhéanamh chomh sábháilte agus is féidir agus nach gá a bheith ag brath ar fhearas cosanta amháin. Ach, tá cásanna éagsúla ann inar féidir a bheith sábháilte ach amháin má chaitheann tú an fearas cosanta ceart.

Is faoi bhainistíocht na scoile é an fearas riachtanach a chur ar fáil. Ba chóir gach tasc a mheas agus na riachtanais éadaí agus fearas cosanta a bhunú. Ba chóir go mbeadh an liosta seo a leanas mar sheicliosta chun na críche sin.

**An bhfuil ceann ar bith de na nithe seo a leanas de dhíth?**

- Cosaint Súile.
- Cosaint Chloiginn/Éadain
- Cosaint Éisteachta.
- Cosaint Choise/Spanla.
- Cosaint Lámha.
- Cosaint Choirp.
- Fearas cosanta riospráide.
- Úmacha agus criosanna sábhála.

Ní mór do gach fostaí a chur in iúl don Phríomhoide láithreach faoi chaillteanas nó dochar ar bith atá déanta do na héadaí cosanta atá curtha ar fáil.

Is faoi gach fostaí na héadaí cosanta atá curtha ar fáil a chaitheamh agus/nó a chinntiú go bhfuil an fearas cosanta cuí á chaitheamh ag gach dalta atá rannpháirteach i ngníomhaíochtaí.

# Láimhsiú

D'fhéadfaí damáiste buan a dhéanamh don droim má ardaítear meáchain atá róthrom nó má ardaítear mícheart iad. Tá sé éasca an damáiste seo don droim a sheachaint. Tá rialacha áirithe a dhéanann ciall leagtha amach thíos:

- Greim ceart a fháil; coinnigh an t-ualach gar duit.
- Coinnigh an droim díreach.
- Crom na glúine; ardaigh le matáin do chos agus ní le do dhroim.
- Má tá an t-ualach róthrom lorg cabhair.

# Maoirseacht ar Dhaltaí ar Scoil

**Sa chás go bhfuil an múinteoir ranga as láthair:**

(a) Tugann an Príomhoide fógra go bhfuil an múinteoir ranga as láthair a thugann rabhadh roimh ré go mbeidh na daltaí roinnte amach.
(b) Ní mór don mhúinteoir ranga bileoga oibre a ullmhú do na daltaí sula mbeidh sé/sí as láthair más féidir. Ba chóir go mbeadh seit breise díobh ar fáil sa seomra ranga i gcónaí do asláithreachtaí nach bhfuiltear ag súil leo.
(c) Ní mór do na daltaí málaí lóin, cótaí agus gach rud atá de dhíth orthu don lá a iompar chuig an seomra ranga nua.
(d) Ullmhaíonn an múinteoir ranga liosta ainmneacha agus na ranganna ina mbeidh na páistí.
(e) Suíonn na daltaí i suíocháin fholamha ar bith atá ar fáil.
(f) Féadfaidh daltaí ó R3-R6 cathaoireacha/boird a iompar chuig an seomra ranga más gá. I gcás na bpáistí atá níos óige má bhíonn cathaoireacha/boird bhreise de dhíth orthu, féadfaidh na daltaí sna ranganna sinsir cabhrú leo.
(g) Glacann an Múinteoir freagracht do na páistí breise amhail is gur bhaill dá rang féin iad.

**Ag Dul Isteach chuig an Scoil agus ag Teacht Amach ón Scoil:**

(a) Bailíonn an múinteoir ranga a c(h)uid daltaí ón gclós ar maidin nuair a thosaíonn scoil agus i ndiaidh gach sosa.
(b) Tugann an múinteoir ranga a rang chuig ceann amháin de na príomhdhoirse/dóirse éalaithe do gach sos agus nuair atá sé in am dul abhaile.

**Maoirseacht ag am lóin ar laethanta fliucha:**

(a) Ullmhaíonn an múinteoir ranga bileoga oibre/cluichí/DVD (TG4)srl. do na daltaí roimh ré.
(b) Féadfaidh cúntóirí na seomraí ranga fanacht i seomra ranga na naíonáin.
(c) Siúlann ceathrar múinteoirí ó sheomra go seomra agus maoirseacht á déanamh acu ar ghníomhaíochtaí (duine amháin thuas staighre agus triúr thíos staighre).

# Maoirseacht ar Dhaltaí roimh agus i ndiaidh Scoile

Beidh an Scoil ar oscailt ar 8:45 r.n. le daltaí a ghlacadh isteach. Tosaíonn an fhreagracht ar údaráis na Scoile do na daltaí ag an am (i.e. oscailte) seo.

Tosaíonn an lá Scoile ar 09:00 r.n. gach lá. Táthar ag súil go mbeidh na daltaí ann in am agus go mbaileoidh siad sa chlós sula dtosaíonn an scoil.

Críochnaíonn an lá Scoile ar 2:40 i.n. (1:40 i.n. do na ranganna naíonáin). Ní ghlacann údaráis na Scoile freagracht as na daltaí i ndiaidh na h-ama seo (ach amháin sa chás ina bhfuil daltaí rannpháirteach i ngníomhaíochtaí faoi threoir mhúinteoirí na scoile (e.g.) turais scoile, spóirt srl).

I gcás na ndaltaí ag taisteal chun na scoile agus ón scoil ar bus, níl sé faoi chúram údaráis na Scoile na páistí a thabhairt ón scoil chuig an mbus nó ón mbus chuig an scoil.

## Cuairteoirí a Thagann Chun na Scoile

(a) Ní mór do gach duine (na tuismitheoirí san áireamh) a thugann cuairt chun na scoile teagmháil a dhéanamh le rúnaí na scoile ar dtús.

(b) Ní cheadaítear do chuairteoirí siúl tríd na scoile gan casadh leis an rúnaí agus ba chóir go mbeidís faoi choimhdeacht.

(c) Beidh leabhar ar fáil do na cuairteoirí uile le síniú isteach.

(d) Ba chóir go mbeadh an dá phríomhdhoras isteach faoi ghlas an t-am ar fad ach ba chóir a bheith in ann iad a oscailt ón taobh istigh i gcás éigeandála.

(e) Tá an múinteoir deiridh a thugann a rang isteach chuig an scoil ar maidin agus i ndiaidh gach sosa freagrach as an doras a chur faoi ghlas ina ndiaidh.

# Nósanna Imeachta Druil Dóiteáin/Aslonnaithe

**Ullmhúchán/Cosc**

(a) Ba chóir go mbeadh Bealaí Éalaithe Dóiteáin marcáilte go soiléir
(b) Ba chóir go mbeifí in ann an t-aláram a chloisteáil i ngach seomra
(c) Ba chóir go mbeadh fuaim an aláraim dóiteáin éagsúil ó aláraim/cloig ar bith eile.
(d) Ba chóir go mbeadh taithí ag gach Fostaí/Dalta ar an bhfuaim trí thástálacha rialta.
(e) Tá limistéar ar leith ag gach rang ina sheasann siad sa limistéar tionóil ainmnithe.
(f) Déanfar cleachtadh druil tine uair sa téarma I rith na bliana.
(g) Déantar múchtóirí dóiteáin a sheirbhísiú go rialta.
(h) Coinnítear na doirse dóiteáin atá sna pasáistí dúnta an t-am ar fad agus níor chóir iad a oscailt choíche le bloc stoptha.
(i) Ba chóir go mbeadh múchtóir dóiteáin gar go leor do gach seomra ranga, halla agus seomra ríomhaire.
(j) Tá aláraim deataigh lonnaithe timpeall na scoile le deatach a aimsiú agus ba chóir tástáil a dhéanamh orthu go rialta.
(k) Tá na múinteoirí freagrach as a chinntiú go bhfuil an trealamh leictreach ar fad múchta gach lá.
(l) Roghnaítear maor dóiteáin do na druileanna atá le bheith mar an chéad duine sa líne leis an rang a thabhairt díreach taobh amuigh den seomra ranga.
(m) Mínítear do na daltaí nach mór dóibh siúl i líne singil go ciúin chuig an bhfaiche taobh thiar den pháirc il-aimseartha agus an claí ag an mbóthar.
(n) Mínítear do na daltaí go nglaofar an Rolla agus gur chóir dóibh a bheith ina dtost agus fanacht ina líne.
(o) Ní mór don rúnaí a chinntiú go dtugtar leabhar na gcuairteoirí chuig an bpointe tionóil agus go gcuirtear ar aghaidh chuig Ionadaí Sábháilteachta na foirne é.

**An Druil**

(a) Buaileann an t-aláram dóiteáin i ngach seomra sa scoil.
(b) Seasann na daltaí agus an fhoireann, cuirtear na cathaoireacha agus málaí faoi na boird.
(c) Má tá páiste as láthair ón seomra ag an am a bhuaileann an t-aláram téann sé/sí chuig an seomra ranga is gaire agus téann sé/sí amach ón scoil leis an ngrúpa ranga sin.
(d) Fanann gach dalta ina thost go dtí go mbíonn an múinteoir ullamh.
(e) Osclaíonn na daltaí ceaptha an bealach éalaithe dóiteáin agus seiceálann an múinteoir na leithris.
(f) Siúlann na daltaí agus iad ina dtost, fágann siad na cótaí agus málaí taobh thiar, faoi threoir an mhúinteora.
(g) Siúlann gach rang amach i líne go dtí an bhfaiche féir nó an pháirc il-aimseartha.
(h) Baileoidh an Príomhoide/Leas phríomhoide/rúnaí na scoile na liostaí ranga caighdeánacha ón mbosca atá faoi ghlas i bpríomh phóirse na scoile ar an mbealach amach go dtí an bhfaiche/pháirc. Fágfar doras an bhosca ar oscailt le cur in iúl gur bailíodh na bileogaí. Dáilfear amach na liostaí go dtí na múinteoirí ranga.
(i) Seasfaidh na daltaí de réir ord na ranganna ag tosú leis na Naíonáin Bheaga (tá comharthaí le cód daite agus rang ar leith marcáilte, crochta go feiceálach ar na ráillí ag an suíomh a léiríonn cá háit gur chóir don rang seasamh).
(j) Seasfaidh na daltaí i línte díreacha agus aghaidh acu ar an mbóthar.
(k) Fanann gach duine ina thost fad is a ghlaoitear an rolla ranga ón liosta caighdeánach agus fad is a sheiceáiltear leabhar na gcuairteoirí.

(l) Deimhníonn Ionadaí Sábháilteachta na Foirne an bhfuil gach múinteoir sásta go bhfuil gach dalta ó gach rang i láthair agus go bhfuil gach múinteoir agus cuairteoir i láthair freisin.
(m) Fanann gach duine ina thost.
(n) Nuair atá Ionadaí Sábháilteachta na Foirne sásta go bhfuil gach rud in ord tá cead ag na ranganna filleadh i mbealach ordúil.

**Bealaí Éalaithe**

(1) Tiocfaidh na Naíonáin (N1 & N2) amach na doirse dóiteáin ó na seomraí ranga. Casfaidh na Naíonáin (N1 & N2) ar chlé. Siúlfaidh siad ar an gcosán timpeall ar imeall na scoile go dtí an bhfaiche féir.
(2) Tiocfaidh Rang 1 (Dearg) agus Rang 1 (Glas) amach an doras donn is giorra dóibh (in aice clós na naíonán). Siúlfaidh siad ar an gcosán, go dtí an pháirc ilaimseartha.
(3) Tiocfaidh Rang 2 (Dearg) agus Rang 2 (Glas) amach na doirse dóiteáin ó na seomraí ranga. Casfaidh siad ar chlé. Siúlfaidh siad ar an gcosán timpeall ar imeall na scoile go dtí an bhfaiche féir.
(4) Tiocfaidh Rang 3 (Glas) agus Rang 3 (Dearg) amach tríd na doirse dóiteáin ón seomra ranga, casfaidh siad ar dheis agus siúlfaidh siad ar an gcosán, trasna clós na naíonán, tríd an pháirc ilaimseartha go dtí an pháirc Ilaimseartha.
(5) Tiocfaidh Rang 4 (Dearg) & Rang 4 (Glas) amach tríd an doras dearg is giorra dóibh (in aice clós na naíonán). Siúlfaidh siad tríd chlós na naíonán go dtí an pháirc ilaimseartha.
(6) Tiocfaidh Rang 5 (Dearg) agus Rang 5 (Glas) anuas an staighre chun tosaigh agus tiocfaidh siad amach an doras in aice leis an staighre agus ansin rachaidh siad trasna clós na naíonán, tríd an pháirc ilaimseartha go dtí an bhfaiche féir.
(7) Tiocfaidh Rang 6 (Dearg) agus Rang 6 (Glas) anuas an staighre ar chúl agus tiocfaidh siad amach tríd an doras dearg ar chúl an fhoirgnimh. Casfaidh siad ar chlé agus siúlfidh siad tríd chlós R4 - R6. Siúlfaidh siad ar an gcarr chlós go dtí an bhfaiche féir. Siúlfaidh siad tríd an gheata atá lonnaithe sa lár ar an páirc ilaimseartha agus baileoidh siad ar an bpáirc ilaimseartha.
(8) Má tá rang sa halla rachaidh siad amach tríd an doras ar chlé díreach chuig an bpáirc ilaimseartha.
(9) Rachaidh na múinteoirí tacaíochta foghlama amach tríd an doras éalaithe is giorra dóibh, tógfaidh siad na daltaí amach leo chuig na ranganna cearta ar an bhfaiche/páirc ilaimseartha.
(10) Má tá rang sa Leabharlann tiocfaidh siad amach tríd phríomhdhoras na scoile (an doras dearg).
(11) Tiocfaidh an rúnaí amach trí phríomhdhoras na scoile (Dearg) agus tógfaidh sí leabhar na gcuairteoirí in éineacht léi.

**Moltaí**

(a) Tá an Príomhoide le druil dóiteáin a n-eagrú uair amháin in aghaidh an téarma
(b) Sa chéad téarma leanfar na céimeanna seo a leanas:

(1) An 1ú Druil – Tugtar fógra don fhoireann agus do na daltaí roimh ré.
(2) An 2ú Druil – Tugtar fógra don fhoireann amháin agus ar an lá atá i gceist amháin.
(3) An 3ú Druil – Ní thugtar aon fhógra roimh ré.

(c) Sa dara agus sa tríú téarma ní thugtar aon eolas roimh ré.
(d) Tomhaiseann Ionadaí Sábháilteachta na Foirne an méid ama a ghlacann sé leis an druil tine a dhéanamh go sábhailte agus coinníonn sé/sí taifead de gach druil.
(e) Ba chóir go gcuirfeadh duine inniúil aitheanta oiliúint ar an bhfoireann go tréimhsiúil maidir leis na múchtóirí dóiteáin a úsáid. Ach tabhair faoi dheara an príomhdhualgas i gcás tine is ea aslonnú sábháilte na ndaltaí agus foirne uile.

# Turais Scoile i nGaelscoil Naomh Pádraig

1) **Cén fáth go dtugtar páistí ar thurais scoile?**

Tugtar páistí Ghaelscoil Naomh Pádraig ar thurais scoile éagsúla i rith na scoilbhliana. Eagraíonn an múinteoir ranga/an príomhoide/an príomhoide tánaisteach réimse mór turais, ina measc:

- Turais a chabhraíonn le cur i bhfeidhm an churaclaim i.e. turas dúlra, turas chuig gailearaí/iarsmalann
- Turais a chabhraíonn le hoideachas iomlán an pháiste i.e. turas chuig an zú, turas chuig dráma, turas chuig feirm agus rl.
- Turais a bhaineann le comórtais i.e. Coirmceoil, cluichí peile, iománaíochta agus rl.
- Turais a bhaineann le cúrsaí spóirt i.e. ionad aclaíochta agus rl.
- Turais scoile ranga ag deireadh na scoilbhliana (i.e. sa tríú téarma)

2) **Cé fáth gur cuireadh an polasaí seo i bhfeidhm?**

Tá sabháilteacht na bpáistí, na múinteoirí agus na dtuismitheoirí rí-thábhachtach. Cuirtear na rialacha agus na socruithe seo i bhfeidhm chun a chinntiú go bhfuil turas taitneamhach agus sábhailte ag gach duine.

3) **Freagrachtaí an Mhúinteora:**

a) Seiceáil na dátaí leis an bpríomhoide sula gcuirtear turas scoile in áirithe. Tugtar na socruithe agus na sonraí ar fad a bhaineann leis an turas do na páistí agus dá dtuismitheoirí.
b) Faigheann gach páiste atá ag dul ar an turas scoile foirm 'Turas Scoile' chun cead scríofa a fháil óna thuismitheoirí/chaomhnóirí. Ní ligtear d'aon pháiste dul ar thuras go dtí go bhfuil an fhoirm líonta isteach ag na tuismitheoirí/caomhnóirí.
c) Níl siúlóidí dúlra nó súilóidí go dtí an pháirc i gceist leis an bhfoirm 'Turas Scoile' seo. Bíonn an cead seo clúdaithe faoi fhoirm cheadaithe a choinnítear i gcomhad an dalta ón am go dtosnaíonn siad ar scoil.
d) Téann triúr fásta (múinteoir agus beirt thuismitheoir/cúntóir) ar an turas le gach Rang a 1 go Rang a 6 ar a laghad, téann ceathrar fásta leis na Naíonáin Bheaga agus leis na Naíonáin Mhóra ar a laghad.
e) Má bhíonn aon rang ag dul ar thuras thar oíche bíonn beirt mhúinteoir leo.
f) Déantar iarracht i gcónaí tuismitheoirí a fháil atá in ann Gaeilge a labhairt leis na paistí. Déantar iarracht mamaí agus daidí a fháil más féidir.
g) Déantar iarracht gach turas a eagrú i gcomhar le múinteoir ranga eile sa chaoi go mbeadh an dá rang sa rang-ghrúpa ag dul in éineacht lena chéile.
h) Déantar cinnte de i gcónaí go bhfuil 'Road Passenger Operator Licence' ag an gComhlucht Bus.
i) Déantar cinnte go mbíonn croiseanna sabháilte ag obair ar an mbus agus in úsáid.
j) Ní mór do na daltaí agus an fhoireann na criosanna sábhála a úsáid.
k) Ní mór don mhúinteoir/do na múinteoirí atá i mbun maoirseacht a dhéanamh ar an turas a chinntiú go dtógtar na daltaí go sábháilte chuig an mbus agus uaidh agus go gcloíonn na daltaí leis an riail faoin gcrios sábhála.
l) Ní mór do na múinteoirí/na maoirseoirí a chinntiú nach gcuirtear isteach ar an tiománaí gan aon ghá.
m) Ní mór go mbeadh dóthain maoirseachta ar siúl ag na múinteoirí an t-am ar fad ar thurais scoile agus ar ghníomhaíochtaí eile seachtracha ar nós laethanta spóirt.

n) Ar lá traenála/cluiche bíonn na daltaí atá ar fhoirne scoile peile/iománaíochta/camógaíochta faoi chúram na scoile sa tréimhse idir dheireadh ghnáthlae scoile agus deireadh an tseisiúin traenála/ chluiche áit ar seisiún traenála/cluiche áitiúil é nó ina bhfilleann siad ar an scoil ar bhus sa chás gur cluiche as baile é agus ba chóir go mbeadh beirt múinteoir ann ar a laghad i gcónaí.
o) Áit a nglacann tuismitheoirí an fhreagracht le hiompar a chur ar fáil, tá freagracht shábháilteacht na ndaltaí orthu freisin go dtí go bhfilleann siad ar chúram na scoile nó ar a dtuismitheoir/caomhnóir féin.

4) **Sula dtéann an rang ar thuras déanann an múinteoir ranga na rudaí seo a leanas a phlé leis na páistí:**

a) Go mbeidh siad gléasta i gceart don turas agus go mbeidh an trealamh cuí leo.
b) Go mbeidh rialacha na scoile i bhfeidhm i rith an turais (féach Cód Iompair na Scoile) Pléitear na rialacha scoile leis an rang.
c) Pléitear na socraithe leis na páistí maidir le trasnú an bhóthair, siúl ó ionad amháin go hionad eile, dul go dtí an leithreas, labhairt le strainséirí, rialacha ar an mbus srl.
d) Beidh na páistí i ngrúpaí faoi chúram duine fásta (tuismitheoir/múinteoir) Caithfidh siad fanacht leis an duine sin i rith an lae agus glacadh lena gceannasaíocht. Tugtar liosta de na páistí atá faoina gcúraim do gach tuismitheoir. Bíonn ócáidí ann go gcuireann an múinteoir ranga greamaitheoirí ar na páistí chun an grúpa atá faoina gcúraim a shoiléiriú.
e) Ar an mbus fanann na páistí ina suí i gcónaí agus ní bhíonn cead ithe ná ól. Nuair a thagann siad ar ais go dtí an scoil déanann gach duine cinnte de nach bhfágann siad aon rud ina ndiaidh ar an mbus.
f) Beidh córas i bhfeidhm ag an múinteoir ranga le seiceáil go bhfuil gach páiste ar ais ar an mbus.
g) Nuair a thagann an bus ar ais, stopann sé taobh amuigh de gheataí na scoile. Bailítear na páistí ó chlós na scoile agus beidh córas i bhfeidhm ag an múinteoir ranga le déanamh cinnte de nach dtéann aon pháiste abhaile go dtí go mbailítear é/í.

5) **Garchabhair/Cás Práinne**

a) Beidh mála garchabhrach ag an múinteoir agus tabharfaidh muinteoirí na Naíonán éadaí breise leo.
b) I gcás aon pháiste le riachtanais sláinte faoi leith, déanfaidh an múinteoir cinnte de go mbeidh leigheas speisialta an pháiste ar fáil, agus go mbeidh an t-ionad agus na tuismitheoiri atá ar dualgas ar an eolas faoi riachtanais an pháiste.
c) Beidh fón póca le gach múinteoir nuair atá siad ag dul ar thuras. (Muna bhfuil fón póca na scoile ar fáil beidh ar an múinteoir a fón féin a úsáid).
d) Ba cheart a chinntiú go bhfuil uimhir ghutháin na dtuismitheoirí ag an múinteoir (ina guthán póca nó ar bhileog) ar eagla go gcaithfear teagmháil a dhéanarnh leo i rith an turais.
e) Má tharlaíonn cás práinne i rith an turais déanfaidh an múinteoir teagmháil leis an scoil agus déanfaidh an príomhoide/an runaí aon socrú go bhfuil gá leis (i.e. teagmháil le tuismitheoir, féachaint ar na Foirmeacha Sláinte srl).

6) **Moltaí do thuismitheoirí a théann ar thurais leis an rang**

a) Tabharfaidh an múinteoir liosta d'ainmneacha na bpáistí atá faoi chúram an tuismitheora don tuismitheoir.
b) Déanfaidh an tuismitheoir cinnte de go bhfanann an grúpa leis/leí i rith an lae agus go ndéanann sé/sí na páistí a thionlacan go dtí an leithreas.
c) Bíonn rialacha na scoile i bhfeidhm i rith an turais (Cód Iompair na Scoile).
d) Caithfidh na tuismitheoirí a chinntiú go mbíonn gach páiste dea-mhúinte agus béasach.
e) Má bhíonn gá leis d'fhéadfadh an tuismitheoir na páistí atá faoina gcúraim a cheartú nó iarraidh ar an múinteoir ranga labhairt leo.
f) Ba chóir Gaeilge a labhairt i gcónaí leis na páistí.
g) Ní féidir ach le tuismitheoirí a bhfuil Seiceáil an Gharda faighte acu atá abalta dul ar na turasanna seo.

## Measúnú Riosca do Thurais Scoile/Risk Assessment for School Tours

1. An bhfuil Polasaí Ráiteas Sláinte agus Sábhailteachta ag an ionad?

   *Does the centre have a Health and Safety Policy and Statement*?

   _____

2. Cén fhad atá an t-ionad ocsailte?

   *How long has the centre been opened?*

   _____

   _____

3. An bhfuil cód iompair ar leith a bhaineann leis an ionad?

   *Is there a particular code of conduct to be adhered to?*

   _____

   _____

4. An mbeidh an rang roinnte i ngrupaí? Má bhíonn, cén cóimheas páistí/daoine fásta a bhéas ann?

   *Will the class be divided into groups? If so what is the ratio of children/adult?*

   _____

   _____

5. An bhfuil aon duine a bhéas ag plé leis na páistí oillte mar ba cheart?

   *Is every person who will interact with the children adequately qualified?*

   _____

   _____

6. An mbeidh éadaí speisialta ag teastáil óna páistí?

   *Is special clothing required?*

   _____

   _____

7. An bhfuil clúdach árachais ag an ionad? Tabhair sonraí.
   *Does the centre have insurance cover? Please supply details.*

   _____

   _____

8. An mbeidh leithrís ar fáil?
   *Are there toilet facilities?*

   _____

9. An gcuirfidh an t-ionad eolas faoi aon pháiste a bhfuil riachtanais sláinte ar leith acu ar fáil do na daoine cuí?
   *Will the centre inform the relevant staff of any child with specific disabilities or health conditions (as supplied by the school)?*

   _____

   _____

10. An gcuirfidh cúrsaí aimsire isteach ar an bplean lae/turas?
    *Will the weather conditions affect the day's activities?*

    _____

    _____

11. An bhfuil gá le Plean B má chuireann an aimsir nó nithe eile isteach ar ghníomhaíochtaí an lae? Tabhair sonraí an phlean.
    *Is there a need for Plan B, in the case of weather conditions or other factors affecting the planned activities? Please give details of alternate plan.*

    _____

    _____

    _____

    _____

_____

12. An mbeidh na páistí ag meascadh le haon ghrúpa eile?
*Will the children interact with any other group?*

_____

_____

13. Má bhíonn na páistí ag úsáid trealamh nach bhfuil taithí acu air an mbeidh traenáil chuí ar fáil dóibh roimh ré?
*In the event that the children will be using unfamiliar equipment will adequate training be provided?*

_____

_____

_____

14. Má tá páistí ag glacadh páirt i ngníomhachtaí eachtraíochta taobh amuigh an gcuirfidh an t-ionad na héadaí agus an trealamh ceart ar fáil dóibh.
*If the children are partaking in outdoor pursuits will the centre provide suitable clothing and necessary equipment.*

_____

_____

15. An mbeidh an rang ag fágáil an ionaid i rith an lae, (m. sh. Dul suas ar na sléibhte/san abhainn) má tá, an bhfuil clúdach árachais ann?
*Will the children have cause to leave the grounds of the centre at any point? If so, is insurance cover provided.*

_____

_____

_____

# Nósanna Imeachta Timpistí/Breoiteachta

**Ní mór gach timpiste a thuairisciú agus a thaifeadadh sa Leabhar Tuairisce ar Thimpistí.**

**Garchabhair**

(a) Coinneofar bosca garchabhrach amháin thuas staighre agus ceann eile thíos staighre a bheidh marcáilte go soiléir.
(b) Cuirfear oiliúint ar líon sásúil foirne sa gharchabhair.
(c) Beidh liosta garchabhróirí crochta i ngach seomra ranga.
(d) Coinneoidh an Príomhoide & an tOifigeach Sábháilteachta taifead den fhoireann atá oilte sa gharchabhair agus coinneofar an oiliúint gharchabhrach suas chun dáta de réir mar is gá.
(e) Cuirfear lámhainní aon uaire ar fáil don gharchabhair agus ba chóir iad a chaitheamh i gcónaí agus tú á riar.
(f) Ní féidir ach olann chadáis, uisce, greimlíní agus oighear a úsáid.

**An Clós**

Má bhíonn timpiste ag páiste sa chlós:

(a) Déanann an múinteoir atá ar dualgas maoirseachta an cinneadh an páiste a chur isteach le haghaidh garchabhrach.
(b) Scríobhann an múinteoir atá ar dualgas tuairisc ar an timpiste sa Leabhar Tuairisce ar Thimpistí. Ba chóir gach timpiste nó teagmhas a thaifeadadh mar is ceart. Faigh gach ráiteas finné nó ráiteas finné ar bith, scríobh síos iad mar a deirtear leat iad díreach i ndiaidh na timpiste. Cinntigh go síníonn an duine a dhéanann an ráiteas iad.
(c) Glanann an Garchabhróir an ghoin más gá.
(d) Ní féidir ach olann chadáis, uisce, greimlíní agus oighear a úsáid.
(e) Cinneann an Príomhoide glaoch a chur ar na tuismitheoirí má cheaptar go bhfuil gá ann dul chuig an Dochtúir san Aonad Timpistí agus Éigeandála.
(f) Timpistí cinn-líontar foirm speisialta agus seoltar cóip de seo abhaile leis an bpáiste.

**An Seomra Ranga:**

Má bhíonn timpiste ag páiste sa seomra ranga:

(a) Cinneann an múinteoir ranga an dalta a chur chuig an rúnaí nó chuig an bPríomhoide nó iarrann sé/sí cabhair sa seomra ranga, más gá.
(b) Scríobhann an múinteoir ranga tuairisc ar an teagmhas sa leabhar tuairisce ar thimpistí.
(c) Má tá goin ann tugann an Garchabhróir aire di/dó.
(d) Ní féidir ach olann chadáis, uisce, greimlíní agus oighear a úsáid.

(e) Cinneann an Príomhoide glaoch a chur ar na tuismitheoirí má cheaptar go bhfuil gá ann dul chuig an Dochtúir san Aonad Timpistí agus Éigeandála/nó glaoch a chur ar otharcharr.

**Má airíonn dalta breoite sa rang:**

(a) Glaonn an múinteoir ranga ar an rúnaí lena chur in iúl dó/di go bhfuil dalta atá breoite á chur chuig an oifig.
(b) Cuireann an rúnaí glaoch ar thuismitheoirí an dalta.
(c) Tagann na tuismitheoirí leis an dalta a bhailiú.
(d) I gcás ulpóige (fliú) nó amhras faoi caithfidh an múinteoir cloí lena treoirlínte sa Plean Úlpóige.

**Cluichí agus Traenáil:**

(a) Ní mór mála garchabhrach a thógáil chuig cluichí agus chuig traenáil.
(b) B'fhearr go mbeadh an múinteoir atá i mbun na traenála oilte ó thaobh garchabhrach de nó go mbeadh eolas reatha aige/aici ar gharchabhair.
(c) Ba chóir go mbeadh fón póca ag an múinteoir i mbun na traenála chun críche éigeandála.
(d) Ba chóir don mhúinteoir atá i mbun na traenála a chinntiú gur chóir go mbeadh uimhir theagmhála a dtuismitheora acu.

# Timpistí Fostaithe

**Ní mór gach timpiste a thuairisciú agus a thaifeadadh sa Leabhar Tuairisce ar Thimpistí.**

**Ba chóir na nósanna imeachta seo a leanas a leanúint má bhíonn timpiste ann:**

1. Déileáil leis an duine atá gortaithe lena chinntiú go bhfaigheann sé/sí an gharchabhair atá de dhíth agus go dtógtar é/í chuig an ospidéal más gá.
2. Faigh gach ráiteas finné nó ráiteas finné ar bith, scríobh síos iad mar a deirtear leat iad díreach i ndiaidh na timpiste. Cinntigh go síníonn an duine a dhéanann an ráiteas iad.
3. Comhlánaigh an Fhoirm Tuairisce ar Thimpistí má cheaptar go mbeidh an duine as láthair ón obair ar feadh trí lá nó níos mó agus cuir ar ais chuig an Príomhoide chun seoladh ar aghaidh chuig An t-Údarás Sláinte agus Sábháilteacht.
4. Glac grianghraif de limistéar na timpiste agus cuir sceitse den limistéar le chéile leis na toisí agus gnéithe ar bith atá tábhachtach.
5. Déan cur síos beacht ar phost an duine, an áit a raibh sé/sí ag obair nuair a tharla an timpiste.

Níor chóir breathnú ar chúis na timpiste mar thoradh de bheith míchúramach, toisc nach bhfuil ann mar réiteach ar ghníomh míchúramach ach a bheith níos cúramaí sa todhchaí. Más rud é gur mhíchúram a bhí i gceist is gá a bheith sonrach agus an gníomh míchúramach a shainmhíniú (e.g. trealamh damáistithe úsáidte, nár baineadh úsáid as an gcosaint súile etc.).

Tabhair faoi deara freisin gur ábhar tromchúiseach é má leanann duine le hiompraíocht mhíchúramach, a chuireann a S(h)láinte agus Sábháilteacht féin nó Sláinte agus Sábháilteacht fostaithe eile i gcontúirt, agus déileálfar leis tríd an nós imeachta araíonachta de réir an chóid chleachtais i sceideal an Achta um Chaidreamh Tionscail 1990 agus athbhreithnithe a rinneadh air dá éis, agus de réir na dtreoirlínte atá eisithe ag an Roinn Oideachais.

## Cógas a thabhairt

(a) Tá Polasaí um Dháileadh Leighis ag Gaelscoil Naomh Pádraig. Tá an polasaí seo ar fáil @ www.gsnp.ie

# Caidreamh Foirne Dearfach

Aithníonn Bord Bainistíochta Ghaelscoil Naomh Pádraig go bhfuil sé de cheart ag gach fostaí ionad oibre a bheith aige/aici atá saor ó aon chineál ciaptha nó bulaíochta agus tá sé tiomanta go hiomlán lena chinntiú go bhfuil gach fostaí in ann an ceart sin a theachtadh.

Tá freagracht ar gach fostaí lena chinntiú go bhfuil ionad oibre saor ó aon chineál ciaptha agus bulaíochta do gach fostaí eile agus a bheith ar an eolas faoin bpolasaí seo.

Déantar gach iarracht le deacrachtaí a réiteach chomh luath agus is féidir agus laistigh de struchtúir na scoile. Mar sin féin, tá sé tábhachtach na nithe seo a nótáil:

Na bunnósanna imeachta ina n-eascraíonn deacrachtaí:

(a) Aithin na deacrachtaí.
(b) Comhlíon prós chuí
(c) Coinnigh Taifid
(d) Leag amach spriocanna réalaíocha

# Bulaíocht & Gnéaschiapadh san Ionad Oibre

**Polasaí chun na Dínite san Ionad Oibre**

(a) Tá Bord Bainistíochta Ghaelscoil Naomh Pádraig tiomanta le comhoibriú le chéile agus ionad oibre a fhorbairt agus a chothú ina spreagtar, ina dtacaítear agus ina gcosnaítear cearta gach fostaí chun na dínite san ionad oibre.

(b) Ní ghlacfaidh Bord Bainistíochta Ghaelscoil Naomh Pádraig le haon chineál bulaíochta ná ciaptha laistigh den lucht oibre. Déanfar gach teagmhas maidir le bulaíocht agus nó ciapadh a thuairiscítear a imscrúdú go lánchúramach agus cuirfear polasaí an nós imeachta araíonachta i bhfeidhm go hiomlán más iomchuí agus de réir mar is gá.

(c) Tá an polasaí seo á chur i bhfeidhm go foirmeálta ar mhaithe le gach fostaí, chun timpeallacht cheart a chinntiú do gach ball foirne chun obair a dhéanamh le chéile, ach le go n-éireoidh leis tá comhoibriú agus tuiscint gach fostaí de dhíth.

(d) Ní ghlacfar leis na cineálacha ciaptha agus bulaíochta seo a leanas mar atá clúdaithe ag an Acht um Chomhionannas Fostaíochta 1998 agus ag an Acht um Stádas Comhionann 2000:
(i) Tagairtí ciníocha
(ii) Drochíde ó bhéal
(iii) Tagairtí scríofa
(iv) Mí-úsáid chorpartha
(v) Gnéaschiapadh
(vi) Imeaglú

**Sainmhíniú i dtaobh:**

(1) **Tagairtí Ciníocha**
Tagairtí maslacha nó gránna ar bith, a dhéantar maidir le dath, contae nó tír thionscnaimh nó cultúr / reiligiún duine.

(2) **Drochíde ó Bhéal**
Tagairtí maslacha, bagracha nó gránna ar bith a dhéantar do dhuine san ionad oibre, ina bhfuil an duine atá i gceist ag iarraidh a c(h)uid dualgas ionaid oibre a chomhlíonadh. Áit a bhfuil/ a n-eascraíonn fadhb ionaid oibre, ba chóir na gearáin a chur ar shúile an bhainistíocht.

(3) **Tagairtí Scríofa**

Graifítí, póstaeir nó litríocht atá ar thaispeáint nó atá curtha timpeall san ionad oibre, ina bhféadfaí oibreoir eile a mhaslú san ionad oibre. Má sheoltar ríomhphoist ina bhfuil pictiúir nó tagairtí, a d'fhéadfadh oibreoir eile a mhaslú.

(4) **Mí-úsáid Chorpartha**

Áit a dtarlaíonn foréigean corpartha d'oibreoir eile nó a bhfuil bagairt ann. Áit a ndéantar damáiste nó a gcuirtear isteach ar shealúchas oibreora eile. Áit a gcuireann fostaí isteach ar ghléas nó ar phíosa trealaimh agus mar thoradh air cuirtear oibreoir eile i gcontúirt nó déantar díobháil dó.

(5) **Gnéaschiapadh**

Tagairtí gránna nó drochthagairtí maidir le cuma pearsanta, teagmháil fhisiceach ná ionsaí ó bhéal gan iarraidh, aire gan iarraidh agus nach bhfuil de dhíth. Tagairtí agus focail de chineál gnéasach nó leatromach. Éilimh d'fhabhair ghnéasacha. Ríomhphoist ina bhfuil pictiúir nó tagairtí den chineál gnéasach a d'fhéadfadh oibreoir eile a mhaslú. Má chuirtear pictiúir de chineál gnéasach ar taispeáint, d'fhéadfaí oibreoir eile a mhaslú.

(6) **Imeaglú**

Iompraíocht bhagrach chuig oibreoir eile, trí bhagairtí intuigthe d'fhoréigean pearsanta, damáiste ar shealúchas, sonraí pearsanta a thabhairt d'oibreoirí eile. D'fhéadfadh imeaglú a bheith i bhfoirm fabhar gnéasacha, airgead nó sealúchas pearsanta a éileamh, nó obair daoine eile a dhéanamh.

Ní liosta uileghabhálach é an liosta thuas agus féadfaidh bulaíocht agus ciapadh a bheith i bhfoirmeacha eile ar nós, forrántacht, uirísliú, bonn á bhaint, cinseal/mí-úsáid cumhachta, caitheamh go héagsúil/go neamhfhabhrach agus eisiamh nó aonrú. Cé gur chóir teagmhais ar leith d'iompraíocht ionsaitheach aonarach a cháineadh, ní féidir iad a thuairisciú mar bhulaíocht.

I dtimpeallacht an ionaid oibre féadfaidh coinbhleachtaí agus deacrachtaí idirphearsanta a bheith ann. Is deacrachtaí caidrimh thionsclaíoch dlisteanacha iad líon mór díobh seo, agus ba chóir déileáil leo trí na bealaí caidrimh thionsclaíoch cuí. Ní féidir ach iompraíocht ionsaitheach atá córasach agus leanúnach a shonrú mar bhulaíocht. Mar thoradh ar chiapadh agus bulaíocht féadfaidh méideanna éagsúla iarmhairtí a bheith ann don duine a bhfuil an gnéaschiapadh agus bulaíocht á dhéanamh air/uirthi. Féadfaidh iarmhairtí éagsúla a bheith ann ag brath ar cé chomh dian agus atá sé, an méid ama atá i gceist agus ar lamháltas an duine aonair don chineál ciaptha & bulaíochta.

(7) **Iarmhairtí Ciaptha & Bulaíochta:**

(a) Saoire bhreoiteachta mhéadaithe
(b) Am saor / neamhláithreachas
(c) Droch-obair
(d) Amadóireacht Bhocht
(e) Argóinteach
(f) Dúlagar
(g) Fadhbanna a bhaineann le halcól
(h) Féinmharú

(8) **Nós imeachta gearán:**

Má airíonn fostaí ar bith go bhfuil gnéaschiapadh á dhéanamh nó bulaíocht á déanamh air nó uirthi ba chóir dó/di iarraidh ar dhéantóir na coire é a stopadh. Sa chás nach n-éiríonn leis an gcineál gnímh seo, féadfaidh an fostaí tuairisciú chuig duine ar bith de na daoine seo a leanas: An Príomhoide, ionadaí foirne Chumann Múinteoirí Éireann nó múinteoir/ball de Bhord Bainistíochta Ghaelscoil Naomh Pádraig.

Déanfar iarracht an cheist a réiteach go neamhfhoirmeálta, más cuí sin. Mura féidir an cheist a réiteach go neamhfhoirmeálta, feidhmeofar nós imeachta gearán foirmeálta ina mbeidh na céimeanna seo a leanas:

a. Ba chóir go gcuirfeadh an gearánaí tuairisc scríofa chuig an mBord Bainistíochta nó duine údaraithe a bhfuil an gearán á dhéanamh dó/di agus atá sínithe ag an ngearánaí.

b. Déanfaidh beirt atá ainmnithe ag an mBord Bainistíochta an gearán a imscrúdú leis an méid is lú moille. Beidh duine amháin díobh mar an gcéanna ó thaobh inscne de leis an ngearánaí agus le déantóir líomhanta na coire.

c. Féadfaidh an dá pháirtí a bheith faoi thionlacan nó féadfaidh ionadaíocht a bheith ag an dá pháirtí ag gach agallamh/cruinniú a eagraítear, agus déanfar taifead orthu seo.

(9) **Nós Imeachta Araíonachta Fostaí:**

Sa chás go bhfuil bunús ann le gearán, déanfar cinneadh maidir leis an ngníomh a dhéanfar ag brath ar an méid agus ar an gcineál bulaíochta nó gnéaschiaptha atá i gceist. Cuirfidh an Bord Bainistíochta an nós imeachta araíonachta i bhfeidhm de réir mar is gá agus mar is cuí agus de réir an Chóid Chleachtais i sceideal an Achta um Chaidreamh Tionscail 1990 agus athbhreithnithe a rinneadh air dá éis, agus de réir na dtreoirlínte atá eisithe ag an Roinn Oideachais.

Féadfaidh go mbeidh rabhadh ó bhéal, rabhadh i scríbhinn, curtha ar fionraí ó dhualgais áirithe le pá nó gan phá, curtha ar fionraí ó gach dualgas le pá nó gan phá nó dífhostú a bheith i gceist leis an ngníomh araíonachta.

Sa chás go bhfuil fostaí mar íospartach toisc go ndearnadh sé gné ar bith den nós imeachta gearán a agairt nó go raibh sé rannpháirteach ann, lena n-áirítear ag gníomhú mar fhinné d'fhostaí eile, lena leithéid iompraíochta beidh gníomh araíonachta i gceist.

Ní dhéanfar taifead ar bith d'aon ghearán a chlárú ar chomhad fostaí ach amháin má dhéantar an nós imeachta foirmeálta atá leagtha amach thuas a agairt.

Tá sé mar pholasaí ag an scoil go ndéileáltar le cúrsaí gnéaschiaptha laistigh den scoil. Ach, ní chuireann aon ghné den pholasaí isteach ar na cearta dlíthiúla aonair atá ag fostaí ar bith cás a thógáil leis an ngearán taobh amuigh den scoil.

(10) **Cód Iompraíochta Dalta:**

Leis an gCód Iompraíochta sa scoil déantar foráil do leibhéal iompraíochta le baol nó strus pearsanta don fhostaí a íoslaghdú.

(11) **Tá fáil ar Fhostaithe le Comhthoiliú:**

Má airíonn an fostaí go bhfuil sé/sí i mbaol nó faoi bhagairt ag duine áirithe ar áitreabh na scoile, ní mór é seo a chur faoi shúile an Bhoird Bhainistíochta. Cinnteoidh an Bord Bainistíochta go ndéanfar na bearta cuí ina leithéid cúinsí leis na fostaithe a chosaint.

# Polasaí maidir le hIonadaí Sábháilteachta

Éascóidh Bord Bainistíochta Ghaelscoil Naomh Pádraig ionadaí sábháilteachta a thoghadh ón bhfoireann:

(a) Cuirfear oiliúint ar an duine tofa ag cúrsa aitheanta d'ionadaithe sábháilteachta.

(b) Is í M.Sinéad Ní Shaoraí an ionadaí sábháilteachta agus tá sé mar chuid den bpost freagrachta atá aici.

(c) Más iomchuí nó más gá déanfaidh Gaelscoil Naomh Pádraig é a éascú don ionadaí sábháilteachta le seirbhísí rúnaíochta.

(d) Déanfaidh an Bord Bainistíochta breithniú ar cheisteanna ar bith a chuireann an t-ionadaí sábháilteachta faoina bhráid agus más gá gníomhóidh siad dá réir.

(e) Beidh cead ag gach ionadaí sábháilteachta am saor a ghlacadh óna gcuid oibre, lena ndualgais a chomhlíonadh de réir na rialachán.

(f) Ní bheidh an t-ionadaí sábháilteachta faoi mhíbhuntáiste ar bith maidir lena gcuid fostaíochta.

(g) Cuirfidh an Bord Bainistíochta, chomh fada agus is féidir le réasún, gach faisnéis ar fáil atá de dhíth le sábháilteacht na bhfostaithe san ionad oibre a chinntiú.

(h) Beidh na hionadaithe sábháilteachta mar bhaill den gcoiste sábháilteachta in éineacht leis an oifigeach sábháilteachta agus le daoine eile.

# Polasaí maidir le Fostaithe atá ag Iompar Clainne

Cuirfidh an Bord Bainistíochta na rialacháin um fhostaithe atá ag iompar clainne 2000 i bhfeidhm de réir mar is gá. Faoi na rialacháin seo beidh na nithe seo a leanas i bhfeidhm:

(a) Gur chuir an fostaí nó a dochtúir an Bord Bainistíochta ar an eolas maidir lena toircheas.

(b) Déanfaidh an Bord Bainistíochta measúnú riosca ar nósanna imeachta oibre an fhostaí.

(c) Más iomchuí go n-athróidh an Bord Bainistíochta na coinníollacha oibre agus / nó na huaireanta oibre, le guaiseacha nó rioscaí a íoslaghdú don fhostaí, don leanbh sa bhroinn nó don mháthair atá ag beathú linbh.

(d) Más iomchuí déanfaidh an Bord Bainistíochta monatóireacht ar an gcoinníoll oibre thar tréimhse an toirchis, díreach i ndiaidh an toirchis agus nuair atá an fostaí ag beathú linbh, lena n-áirítear na gnéithe seo a leanas:

1. Tinneas Maidine
2. Tinneas Droma
3. Féitheacha Borrtha
4. Cuairteanna go minic chuig an leithreas
5. Méadú sa chorp
6. Tuirse
7. Cothromaíocht
8. Compord
9. Deaslámhacht
10. Aclaíocht
11. Luas Gluaiseachta
12. Sroicheadh

(e) 5 mhí (20 seachtainí) Go stopfaidh an múinteoir curaimí clóis ag an am sin ach amháin i gcás go bhfuil triúr nó níos mó ag súil ag an am céanna-ansin beidh orthu é a dhéanamh gach coicís.

# Polasaí Teagmhais Chriticiúil

## 1. Scóip an pholasaí

Baineann an polasaí seo le teagmhais chriticiúla a bhaineann leis an bhfoireann agus le daltaí agus iad ar áitreabh na scoile agus gan a bheith ar áitreabh na scoile, chomh maith le cuairteoirí chun na scoile (a ndéantar tagairt dóibh as seo amach mar "pobal na scoile") agus déantar iarracht a chinntiú gur féidir déileáil le teagmhais chriticiúla go héifeachtach agus láithreach, agus go bhfuil na córais agus freagrachtaí cuí i bhfeidhm lena dhéanamh. Tá cúram ar gach ball de phobal na scoile faoin bpolasaí seo.

**Meabhraítear do gach ball de phobal na scoile nach gcuireann an Scoil aon dualgas orthu idirghabháil a dhéanamh i dteagmhas criticiúil ar bith má chuirtear a s(h)ábháilteacht féin nó sábháilteacht duine eile i mbaol leis an ngníomh seo.**

## 2. Ráiteas Polasaí

Aithníonn an Scoil gur féidir le teagmhais chriticiúla cur isteach go mór ar dhaoine agus go bhfuil nósanna imeachta comhordaithe agus córasacha riachtanach le soláthar na freagartha atá sciobtha, oiriúnach agus cuimsitheach a éascú díreach nuair a tharlaíonn an teagmhas chomh maith leis an tacaíocht i ndiaidh an teagmhais a thugtar do bhaill phobal na scoile a dtéann an teagmhas chun dochair dóibh. Cuirfear an tacaíocht agus oiliúint chuí ar fáil don Fhoireann Fhreagartha Teagmhais Chriticiúil (F.F.T.C.) agus beidh treoracha agus faisnéis so-aimsithe agus soiléir ar fáil do gach ball de phobal na scoile.

Caithfear mar ábhar faoi rún le sonraí a bhaineann le teagmhas ar bith.

## 3. Bainistíocht agus Freagairt Teagmhais Chriticiúil

Tá Bainistíocht Teagmhais Chriticiúil sainmhínithe mar na nósanna imeachta a chruthaíonn na torthaí is fearr, go príomha dóibh siúd a bhfuil tionchar orthu agus do phobal iomlán na scoile i gcoitinne. Iarrfar ar an bhFoireann Fhreagartha Teagmhais Chriticiúil teagmhais criticiúla ar bith a tharlaíonn a bhainistiú.

Is iad seo a leanas na baill den fhoireann:

| | |
|---|---|
| An Príomhoide: | Liam Breathnach |
| Príomhoide Tánaisteach: | Redempta Ní Sheoige |
| Príomhoide Cúnta: | Eimear Ní Mhaolmhuaidh |
| Múinteoir Ranga/Ionadaí Sábháilteachta: | Sinéad Ní Shaoraí |
| Oifigeach Sábháilteachta: | Brian Ó Fiaich |

**Tá na Teagmhais Chriticiúla roinnte in dhá chatagóir:**

**Leibhéal 1 (Dearg)** – i.e. teagmhas ina nglacann na seirbhísí éigeandála seachtracha bainistíocht iomlán nó ina bhfuil orthu freastal i gcáil níos lú.

San áireamh sna cineálacha teagmhas seo, cé nach bhfuil siad teoranta dóibh tá:

a. Dóiteán ollmhór
b. Teagmhas foréigneach a chuireann isteach nó a d'fhéadfadh cur isteach go mór ar líon mór den fhoireann agus/nó daltaí – ar champas.
c. Cásanna géill nó léigir.
d. Scaoileadh airm lámhaigh.
e. Timpistí feithicle ina bhfuil gortú mór i gceist agus/nó damáiste mór déanta ar shealúchas.
f. Gníomhartha d'fhéindíobháil.
g. Timpistí tionsclaíocha ina bhfuil gortú mór i gceist nó ina bhfaigheann duine bás.
h. Bagairt de ghalrú/éilliú mór agus/nó forleathan.
i. Tubaiste nádúrtha a chuireann isteach ar an áitreabh.
j. Léirsiú mór/agóid mhór.
k. Bás gan choinne de dhalta nó ball foirne ar an áitreabh.

**Leibhéal 2 (Buí)** – i.e. teagmhas ina bhfuil idirghabháil teoranta sheachtrach nó nach bhfuil aon idirghabháil sheachtrach de dhíth.

San áireamh sna cineálacha teagmhas seo, cé nach bhfuil siad teoranta dóibh tá:

a. Dóiteán beag
b. Bás tobann nó gan choinne de chomhghleacaí/dalta (gan a bheith ar an gcampas), a ghoilleann ar an bhfoireann/na daltaí.
c. Bagairtí foréigneacha ar an bhfoireann/ar na daltaí.
d. Goid nó loitiméireacht ollmhór.
e. Ionsaí fisiceach.
f. Iarracht robála.
g. Bagairt ar dhuine, nó ar shealúchas.

**4. Freagairt láithreach**

Ba chóir Do gach ball de phobal na scoile a s(h)ábháilteacht phearsanta a chinntiú ar dtús, agus freagairt ansin mar seo a leanas:

Déanfaidh an **fhoireann Fhreagartha Teagmhais Chriticiúil (F.F.T.C.)** na nithe seo a leanas:

a. Láthair an teagmhais a bhainistiú. Daoine ata i mbaol a bhaint agus limistéar an teagmhais a iamh más gá.
b. Ag brath ar an gcineál teagmhais, tús a chur leis na nósanna imeachta aslonnaithe agus iad a bhainistiú.

c. Más gá teagmháil a dhéanamh leis na seirbhísí éigeandála seachtracha, mura bhfuil sé seo déanta cheana féin.
d. Treoracha na seirbhísí éigeandála seachtracha a leanúint agus faisnéis maidir le suíomh an teagmhais agus na daoine ata buailte leis a chur ar fáil.
e. An Plean Teagmhais Chriticiúil a chur i bhfeidhm agus na hacmhainní scoile a úsáid de réir mar is gá.

1. **Nósanna Imeachta Tuairiscithe**

Déanfar gach teagmhas criticiúil a thaifeadadh sa 'Clár Teagmhais Chriticiúil' agus de réir mar is cuí, déanfar iad a thuairisciú chuig an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta.

I ndiaidh teagmhais chriticiúil, ullmhóidh ceannasaí F.F.T.C. i gcomhairle le baill eile den F.F.T.C., tuairisc ina leagtar amach na sonraí ar leith den teagmhas agus an cineál freagartha. Cuirfear an fhreagairt chuig an mBord Bainistíochta.

2. **Cumarsáid**

Cinnteoidh bainistíocht na Scoile go bhfuil na nósanna imeachta éigeandála mínithe don fhoireann agus go bhfuil siad in áiteanna feiceálach timpeall na scoile.

# Comhairliúchán & Faisnéis

Tá sé mar pholasaí Bhord Bainistíochta Ghaelscoil Naomh Pádraig:

(a) Dul i gcomhairle leis an bhfoireann agus an Ráiteas Sláinte agus Sábháilteachta agus na Foirmeacha um Smachtú Guaiseacha á n-ullmhú agus á chur i gcrích.

(b) Cóip den Ráiteas Sábháilteachta a thabhairt don fhoireann atá ann agus don fhoireann a bheidh ann sa todhchaí.

(c) Go dtabharfar aon fhaisnéis bhreise nó treoracha breise maidir le Sláinte, Sábháilteacht agus Leas ag an obair nach bhfuil sa doiciméad seo don fhoireann ar fad de réir mar a bheidh sé ar fáil.

(d) Go mbeidh Sláinte, Sábháilteacht agus Leas mar chuid lárnach d'aon oiliúint foirne nó pleananna forbartha a bheidh ann amach anseo.

# An Seomra Foirne

**Baintear feidhm as an seomra foirne le:**

- sos a ghlacadh agus bia agus deochanna a thógáil
- bia a réiteach (san oigheann micreathonnach, san oigheann leitreach, sa tóstaer leictreach nó i dtóstaer na gceapairí)
- deochanna a réiteach (go háirithe tae agus caife)
- soithí a ní
- cruinnithe a eagrú

**Guaiseacha Féideartha**

- Gléasanna leitreacha ardvoltais (coire uisce téithe, miasniteoir, citeal leitreach, sorn agus oigheann leitreach, micreathonnach)
- Baol sláinteach (soithí, sceanra, dromchlaí salacha)
- Soithí agus gloiní briste, sceanra géar
- Bia as dáta sa chuisneoir
- Uisce te
- Troscán mí-eagraithe
- Boscaí, malaí, fearas múinteoireachta, leabhair caite timpeall nó mí-eagraithe
- Micreathonnach
- Tine
- Cócaireacht a dhéanamh le páistí

Ní liosta lánchuimsitheach é seo.

1. **Cé dó a ndéanfaí díobháil?**

- An fhoireann
- Cuairteoirí
- Conraitheoirí
- Grúpaí eile a thagann le chéile le haghaidh cruinnithe

2. **Baol**

| **Baol** | **Leibhéal Riosca** |
|---|---|
| leictreamharú | meánach |
| ionfhabhtú | meánach |
| gearrthacha | íseal |
| nimhniú | meánach |
| scalladh | meánach |
| dónna | meánach |
| titim | meánach |
| earraí ag titim anuas ar dhaoine | íseal |

3. **Céimeanna gur féidir a ghlacadh leis an riosca a laghdú nó a dhíothú.**

- gan lámh a chur ar fhearas leicteach nuair a bhíonn do lámha fliuch
- lámha a ní tar éis tadhall a dhéanamh le soithí agus sceanra salacha
- an cuisneoir a sheiceáil sula n-usáidtear an bia nó na deochanna atá ann
- an bia atá as dáta sa chuisneoir a chaitheamh amach
- an cuisneoir a ghlanadh go minic
- a bheith cúramach nuair atá deochanna teo á láimhseáil agat
- troscán a eagrú go cúramach ach a bheith aireach i gcónaí gur guais féideartha é troscán
- gan boscaí a chur ar bharr a chéile ar bhealach go bhféadfaidís titim
- a bheith aireach faoi earraí atá stóráilte go hard nó go neamhchothrom
- a chinntiú go bhfuil an oigheann micreathonnach ag obair i gceart
- go seachnaíonn daoine le séadaire an oigheann micreathonnach a usáid
- a chinntiú go nglantar an fearas leitreach go rialta

**I gcás timpiste cuir glaoch ar an rúnaí ar an bpointe (201). Cuirfear seirbhís garchabhrach ar fáil agus seirbhís leighis más gá.**

Ionaidí Gar-cabhróirí: Sinéad Ní Shaoraí
Edel Ní Nualláin
Sinéad Ní hÚallacháin
Michelle Ní Mhórdha (leabharlainní)

# ROINN 4

# GUAISEACHA A AITHINT & MEASÚNÚ RIOSCA

**Guaiseacha**

Comhlánaigh an fhoireann uile agus an Bord Bainistíochta na Foirmeacha um Smachtú Guaiseacha. Is féidir roinnt guaiseacha a cheartú agus tá cinn eile a bheidh ann go seasta. Tá na guaiseacha roinnte in dhá chatagóir:

(1) Déileálfar le guaiseacha ar féidir a cheartú nó a íoslaghdú mar ábhar práinne.

(2) Taispeánfar na guaiseacha nach féidir aon rud a dhéanamh leo go soiléir agus beidh na nósanna imeachta oiriúnacha liostaithe in aice leo.

Déanfaidh an Bord Bainistíochta i gcomhairle leis na fostaithe athbhreithniú agus moltaí ar ghuaiseacha a dhíothú.

## (1) Guaiseacha ar Leith

**Dóiteán:**

Tá sé mar pholasaí ag Bord Bainistíochta Ghaelscoil Naomh Pádraig:

(a) Go bhfuil dóthain múchtóirí dóiteáin ann a bheidh in ann déileáil le cineál ar bith dóiteáin.
(b) Go n-aithnítear an trealamh dóiteáin uile agus go ndéantar iad a sheirbhísiú go rialta.
(c) Go dtarlaíonn druileanna dóiteáin rialta ar a laghad uair amháin in aghaidh an téarma.
(d) Go dtugtar treoracha maidir le húsáid na Múchtóirí Dóiteáin d'ábhair/trealamh faoi leith.
(e) Go bhfuil na haláraim dóiteáin marcáilte go soiléir.
(f) Go bhfuil na comharthaí le feiceáil go soiléir lena chinntiú go bhfuil cuairteoirí ar an eolas faoi na doirse éalaithe.
(g) Go ndéantar gach fearas leictreach a dhíphlugáil nó a mhúchadh lasmuigh d'uaireanta scoile agus nuair atá an scoil folamh ar feadh tréimhsí fada.
(h) Go bhfuil limistéar tionóil ainmnithe taobh amuigh den fhoirgneamh a bhfuil féar ann agus atá idir an pháirc uile-aimsire agus an claí atá ar theorainn na scoile.
(i) Go mba chóir dóibh siúd a fhágann na foirgnimh/seomraí ranga duine a chur ar an eolas
(j) Go bhfuil comharthaí de na bealaí éalaithe marcáilte go soiléir.

(k) Go bhfuil gach buidéal gáis (más ann dó é) stóráilte go sábháilte i mbotháin lasmuigh agus ar shiúl ón bhfoirgneamh.
(l) Go bhfuil araidí rothaí stóráilte go sábháilte ar shiúl ón bpríomhfhoirgneamh.
(m) Go mbeidh daoine ainmnithe atá freagrach as druileanna dóiteáin agus nósanna imeachta aslonnaithe.
(n) Go seiceálann Oifigeach Dóiteáin trealamh na scoile go rialta agus go bhfuil na moltaí uile atá déanta aige/aici curtha i bhfeidhm.

## (1) Guaiseacha Faoi Leith

### (1) Innealraí, Trealaimh Chistine agus Fearais Leictreacha.

Ní mór do dhaoine cumasacha agus údaraithe Innealraí, Trealaimh Chistine agus Fearais Leictreacha a úsáid. Beidh gá le scrúduithe cothabhála rialta a dhéanamh ar a leithéid fearas.

### (2) Ceimiceáin

Tá gach ceimiceán, glantach etc. le bheith coinnithe in árthaí atá inaitheanta go soiléir le treoracha agus réamhchúraimí maidir lena n-úsáid agus coinneofar iad in áit atá faoi ghlas, agus tá cosaint le cur ar fáil atá le húsáid agus iad á láimhsiú.

### (3) Urláir an-Snasta

Ní dhéanfar na hurláir a shnasú ná ní bheidh siad sleamhain ná ní bhainfear úsáid as snas neamhshleamhnánach. Tá na hurláir le ní chomh fada agus is féidir le réasún i ndiaidh uaireanta scoile leis an díothú agus an dainséar le sleamhnú, chomh fada agus is féidir le réasún, a chinntiú. Leis seo tá comharthaí rabhaidh maidir le hurláir fhliucha le húsáid.

## 2. Guaiseacha Eile

Ní léiríonn an liosta seo a leanas liosta uileghabhálach de ghuaiseacha agus cuirfear leis de réir mar is gá agus nuair a dhéantar athbhreithniú ar an ráiteas sábháilteachta:

| | |
|---|---|
| **Guais:** | **Timpistí ag an mbealach isteach chun na scoile ina bhfuil feithiclí mótair agus coisithe i gceist.** |
| Cé dó a ndéanfaí díobháil: | Fostaithe, cuairteoirí nó daltaí. Riosca de ghortú dona ann de bharr imbhuailtí. |
| Céimeanna atá á nglacadh leis an riosca a laghdú nó a dhíothú: | Ní ceadmhach ach d'fheithiclí mótair fhostaithe na scoile teacht isteach chun na scoile. Tá comhartha ar an ngeata leis an srian seo nótáilte. |
| Gníomh breise de dhíth: | Cuirtear meabhrúcháin go tréimhsiúil chuig na tuismitheoirí trí chiorcláin etc. |

| | |
|---|---|
| **Guais:** | **Timpistí ag an mbealach isteach chun na scoile nó sa chlós ina bhfuil rothair/scútair agus coisithe i gceist.** |
| Cé dó a ndéanfaí díobháil: | Fostaithe, cuairteoirí nó daltaí. Tá riosca ann idir ghortú dona agus ghortú sách dona de bharr imbhuailtí nó titime |
| Céimeanna atá á nglacadh leis an riosca a laghdú nó a dhíothú: | Cosc ar rothaíocht/úsáid scútar laistigh de theorannacha na scoile. |
| Gníomh breise de dhíth: | Meabhrúcháin ó bhéal go tréimhsiúil agus trí chiorcláin a chur chuig na tuismitheoirí etc. |

| | |
|---|---|
| **Guais:** | **Líon mór daltaí i gclós na scoile ag amanna sosa etc.** |
| Cé dó a ndéanfaí díobháil: | Fostaithe, cuairteoirí nó daltaí. Tá riosca ann idir ghortú beag agus ghortú sách dona de bharr imbhuailtí, tuislithe nó titime. |
| Céimeanna atá á nglacadh leis an riosca a laghdú nó a dhíothú: | Cinntigh go bhfuil dóthain maoirseachta sa chlós agus go bhfuil na ranganna sóisir agus sinsir scartha óna chéile. |
| Gníomh breise de dhíth: | Le haimsir doineanta seans go mbeadh srianta de dhíth ó thaobh úsáid an chlóis. |

| | |
|---|---|
| **Guais:** | **Líon mór daltaí nó cuairteoirí ag gluaiseacht thart laistigh den fhoirgneamh.** |

| | |
|---|---|
| Cé dó a ndéanfaí díobháil: | Fostaithe, cuairteoirí nó daltaí. Tá riosca ann idir ghortú beag agus ghortú sách dona de bharr imbhuailtí, tuislithe nó titime nó basctha. |
| Céimeanna atá á nglacadh leis an riosca a laghdú nó a dhíothú: | Cinntigh go bhfuil gach bealach isteach agus pasáiste saor ó bhacainní. Cinntigh go bhfuil dóthain maoirseachta agus soilse ann, agus gur urláir neamhshleamhnánacha más féidir sin. Tá glanadh na n-urlár le déanamh le linn amanna ciúine. |
| Gníomh breise de dhíth: | Athraigh amchlár na ngníomhaíochtaí nó na gluaiseachtaí ranga de réir mar is gá. |

| | |
|---|---|
| **Guais:** | **Cócaráil sa Seomra Foirne/fearais téite etc..** |
| Cé dó a ndéanfaí díobháil: | Fostaithe, cuairteoirí nó daltaí. Tá riosca ann idir ghortú beag agus ghortú dona de bharr scallta nó dónna. |
| Céimeanna atá á nglacadh leis an riosca a laghdú nó a dhíothú: | Cinntigh go ndéantar an trealamh ar fad a chothabháil agus a ghlanadh i gceart. Ba chóir fearas cosanta pearsanta (e.g.) lámhainní teasdíonacha le caitheamh de réir mar is gá agus ba chóir pasáistí a choinneáil saor ó bhacainní. |
| Gníomh breise de dhíth: | Cuir Pluid Dóiteáin ar fáil. |

| | |
|---|---|
| **Guais:** | **Ag obair le V.D.U.anna (Aonaid Fístaispeána)** |
| Cé dó a ndéanfaí díobháil: | Fostaithe nó daltaí. Tá riosca ann de ghortú droma, tuirse shúl agus tuirse. |
| Céimeanna atá á nglacadh leis an riosca a laghdú nó a dhíothú: | Cathaoireacha a chur ar fáil ar féidir a athrú ó thaobh chompord na bhfostaithe/ na ndaltaí. Go mbeadh an soilsiú ag na leibhéil chuí. Aeráil mhaith a chur ar fáil. An méid is lú dallta a bheith ann. Bainistí néata le tuisliú agus titim a sheachaint. |
| Gníomh breise de dhíth: | Oiliúint le cur ar fáil maidir le cleachtadh maith oifige V.D.U. don fhoireann. |

| | |
|---|---|
| **Guais:** | **Cursaí Bainistí** |

| | |
|---|---|
| Cé dó a ndéanfaí díobháil: | Fostaithe, cuairteoirí nó daltaí. Tá riosca tuislithe, sleamhnaithe, titime nó tuinsimh de bharr rudaí atá ag titim a bíonn idir ghortú beag agus ghortú dona ann dá bharr. |
| Céimeanna atá á nglacadh leis an riosca a laghdú nó a dhíothú: | Cinntítear go gcoinnítear gach bealach isteach glan. Glantar bruscar, smionagar agus rud ar bith a doirteadh láithreach. Baintear úsáid as comharthaí d'urláir fhliucha. Níl cáblaí fágtha agus iad a sraoilleadh ná bogarnach. Coinnítear seomraí stórais slachtmhar agus stóráiltear trealamh go sábháilte. |
| Gníomh breise de dhíth: | Cigireachtaí bainistí rialta. |

| | |
|---|---|
| **Guais:** | **Láimhsiú** |
| Cé dó a ndéanfaí díobháil: | Fostaithe nó daltaí. Tá riosca ann idir ghortú beag agus ghortú dona ar an droim de bharr rudaí a ardú/a láimhsiú. |
| Céimeanna atá á nglacadh leis an riosca a laghdú nó a dhíothú: | Ní féidir iarraidh ar dhaltaí ualaí troma a iompar. Ní féidir leo ach ualaí laistigh dá n-acmhainn a iompar. Níl fostaithe ach le dualgais réasúnacha a dhéanamh. Stóráiltear an trealamh ag na hairdí oiriúnacha. |
| Gníomh breise de dhíth: | Tá gá le cúrsa láimhsithe d'fhostaithe. |

| | |
|---|---|
| **Guais:** | **Ceachtanna ealaíne sa seomra ranga** |
| Cé dó a ndéanfaí díobháil: | Daltaí. Tá riosca ann idir ghortú beag agus ghortú dona de bharr siosúr agus gilitín pháipéir. Tá riosca ann idir ghortú beag agus ghortú sách dona de bharr uisce te agus iad ag glanadh na lámh i ndiaidh an ranga. |
| Céimeanna atá á nglacadh leis an riosca a laghdú nó a dhíothú: | Bain úsáid as siosúir amháin atá oiriúnach do pháistí óga. Léirmhínigh é seo do pháistí agus tabhair dóthain ama dóibh leis na siosúir a úsáid. Is é an múinteoir amháin a úsáideann an gilitín. Cinntigh go bhfuil an t-uisce ag an teocht cheart do na páistí. |
| Gníomh breise de dhíth: | Téigh trí na nósanna imeachta sábháilte go minic leis na páistí. |

| | |
|---|---|
| **Guais:** | **Ag glanadh/slíobadh na nUrlár** |

| | |
|---|---|
| Cé dó a ndéanfaí díobháil: | Fostaithe, cuairteoirí agus daltaí. Tá riosca ann idir ghortú beag agus ghortú dona de bharr sleamhnaithe agus titime. |
| Céimeanna atá á nglacadh leis an riosca a laghdú nó a dhíothú: | Glan na hurláir/ déan iad shlíobadh tar éis dheireadh an lae scoile agus nuair atá na daltaí/an fhoireann teagaisc imithe. |
| Gníomh breise de dhíth: | Meabhraigh do ghlantóirí na scoile agus don fheighlí go minic maidir leis na hamanna cearta leis an nglanadh/slíobadh a dhéanamh. Bain úsáid as comharthaí d'urláir fhliucha. |

| | |
|---|---|
| **Guais:** | **Gluaiseacht ranga ar na staighrí/trí na pasáistí/chuig an halla** |
| Cé dó a ndéanfaí díobháil: | Daltaí. Tá riosca ann idir ghortú beag agus ghortú dona de bharr sleamhnaithe, tuislithe agus titime. |
| Céimeanna atá á nglacadh leis an riosca a laghdú nó a dhíothú: | Cinntíonn an múinteoir ranga go siúlann na páistí i dtreas singil agus nach ritheann siad. |
| Gníomh breise de dhíth: | Meabhraigh na rialacha do na daltaí go minic. |

| | |
|---|---|
| **Guais:** | **Turais Scoile – Turais Bhus** |
| Cé dó a ndéanfaí díobháil: | Daltaí agus fostaithe. Tá riosca ann idir ghortú beag agus ghortú dona má stopann an bus go tobann nó má bhuailtear ina choinne. |
| Céimeanna atá á nglacadh leis an riosca a laghdú nó a dhíothú: | Cinntíonn an múinteoir ranga go bhfuil crios sábhála gach duine atá ag taisteal dúnta i gceart roimh an turas agus lena linn. |
| Gníomh breise de dhíth: | Meabhraigh an bealach le coinneáil slán do na daltaí go minic. Tá DVD sábháilteachta ar fáil ó Bhus Éireann le taispeáint do gach rang uair amháin sa bhliain ar a laghad. Tógann an múinteoir ranga fón póca na scoile agus an bosca garchabhrach leis/léi ar gach turas. |

| | |
|---|---|
| **Guais:** | **Ag siúl chuig Páirc Ghleann an Ghrifín nó chuig Leabharlann Leamhcáin** |

| | |
|---|---|
| Cé dó a ndéanfaí díobháil: | Daltaí. Idir riosca beag agus riosca mór de bharr titim ar an gcosán nó de bharr imbhuailtí le feithiclí mótair agus ag trasnú an bhóthair. |
| Céimeanna atá á nglacadh leis an riosca a laghdú nó a dhíothú: | Cinntigh go siúlann gach dalta le páirtí agus nach bhfuil dalta ar bith ar an mbóthar ach amháin chun trasnú faoi mhaoirseacht an mhúinteoir ranga ag soilse tráchta agus trasrianta coisithe áit a bhfuil siad ar fáil. |
| Gníomh breise de dhíth: | Téigh trí na Rialacha Bóithre/tríd an gCód Sábhála leis na páistí sula n-imítear ar thurais. |

| | |
|---|---|
| **Guais:** | **Am dul abhaile ag bealaí amach na scoile, cúl na scoile agus geataí na scoile** |
| Cé dó a ndéanfaí díobháil: | Daltaí. Tá idir riosca beag agus riosca mór ann de bharr titime nó tuislithe. |
| Na céimeanna atá á nglacadh leis an riosca a laghdú nó a dhíothú: | Cinntíonn an múinteoir ranga go bhfuil na doirse ceangailte taobh thiar/ daingnithe agus iad oscailte agus go dtéann na daltaí amach i dtreas singil. Fanann an Príomhoide ag an ngeata lena chinntiú go dtéann na páistí amach go sábháilte. |
| Gníomh breise atá de dhíth: | Na daltaí a mheabhrú go rialta faoin mbealach le coinneáil sábháilte agus iad ag fágáil na scoile. |

| | |
|---|---|
| **Guais:** | **Deochanna teo á n-iompar ag an bhfoireann agus iad ar dualgas sa chlós nó ag dul trí fhoirgneamh na scoile.** |
| Cé dó a ndéanfaí díobháil: | Fostaithe nó daltaí. Tá idir riosca beag agus riosca mór ann de bharr scallta. |
| Céimeanna atá á nglacadh leis an riosca a laghdú nó a dhíothú: | Ní féidir ach mugaí nach ndoirteann le clúdaigh orthu atá daingnithe a úsáid taobh amuigh den tseomra foirne. |
| Gníomh breise atá de dhíth: | Meabhraigh an riail seo don fhoireann go minic. |